

Aonad 1



Mise agus Mo Chuid Laethanta Saoire

Bunchlocha

26

Seo Linn!

43

Éistimis!

62

Cúinne na Gramadaí

66

Cúinne an Chultúir

70

Cúinne na Filíochta

72

San Aonad Seo • In This Unit

| | | |
|---|--|-------------------|
| 1. Mo chuid laethanta saoire | My holidays | Leathanach |
| Cathain a théann tú ar laethanta saoire? | When do you go on holidays? | 26 |
| Conas a théann tú? Cá dtéann tú? | How do you go? Where do you go? | 26 |
| Cá ndeachaigh tú anuraidh/i mbliana (srl.)? | Where did you go last year/this year (etc.)? | 26 |
| Laethanta saoire in Éirinn | Holidays in Ireland | 27 |
| Laethanta saoire thar lear | Holidays abroad | 27 |
| Cá fhad a chaith tú ann? | How long did you spend there? | 27 |
| 2. Cúrsaí taistil | Travel | 28 |
| Conas a thaistil tú? Cathain? | How did you travel? When? | 28 |
| Déan cur síos ar an lá sin. | Describe that day. | 28 |
| Cá bhfuair tú an traein (srl.)? Cén t-am? | Where did you get the train (etc.)? What time? | 29 |
| Cathain a shroich tú an áit? | When did you reach the place? | 29 |
| 3. An aimsir | The weather | 30 |
| Conas atá (a bhí) an aimsir? | How is (was) the weather? | 30 |
| 4. Do thuairim reatha faoin tsaoire | Your current opinion of the holiday | 31 |
| Conas atá ag éirí leat? | How are you getting on? | 31 |
| Cathain a bheidh tú ag dul abhaile? | When will you be going home? | 31 |
| 5. Na daoine | The people | 31 |
| Bí ag caint faoi na daoine. | Talk about the people. | 31 |
| Ar bhuail tú le haon duine spéisiúil? | Did you meet anybody interesting? | 32 |
| 6. An bia | The food | 32 |
| Bí ag caint faoin mbia. | Talk about the food. | 32 |
| 7. An áit (a bhfuil tú ar saoire ann) | The place (in which you are on holiday) | 33 |
| Bí ag caint faoin áit. | Talk about the place. | 33 |
| 8. Saoire cois farraige | A holiday by the sea | 34 |
| Cad a thugann tú (a thug tú) leat? | What do you (did you) bring with you? | 34 |
| Conas a chaitheann tú (a chaith tú) do chuid ama ar saoire? | How do you (did you) spend your time on holiday? | 35 |
| Céard a rinne tú ar an trá (srl.)? | What did you do on the beach (etc.)? | 35 |
| 9. Campáil | Camping | 36 |
| Cad a thugann tú (a thug tú) leat? | What do you (did you) bring with you? | 36 |

| | | |
|--|---|-----------|
| Bí ag caint faoi na háiseanna san ionad campála. | Describe the facilities in the campsite. | 36 |
| Conas a úsáideann tú (a d'úsáid tú) na háiseanna? | How do you (did you) use the facilities? | 37 |
| Cad eile a dhéanann (a rinne) tú? | What else do you (did you) do? | 37 |
| 10. Óstáin agus árasáin | Hotels and apartments | 38 |
| Conas atá (a bhí) an t-óstán (an t-árasán)? | How is (was) the hotel (apartment)? | 38 |
| Bí ag caint faoi na háiseanna san óstán/sa choimpléasc árasán. | Talk about the facilities in the hotel/apartment complex. | 38 |
| Cad atá (a bhí) sa svuít óstáin/árasán? | What is (was) in the hotel suite/apartment? | 39 |
| Déan cur síos ar mhuintir an óstáin (an choimpléics). | Describe the people in the hotel (the complex). | 39 |
| 11. An turas abhaile | The journey home | 39 |
| Bí ag caint faoin lá deireanach. | Talk about the last day. | 39 |
| Conas a bhí an tsaoire? | How was the holiday? | 40 |
| 12. An bhliain seo chugainn | Next year | 40 |
| Cá rachaidh tú an bhliain seo chugainn? | Where will you go next year? | 40 |
| Cá fhad a chaithfidh tú ann? | How long will you spend there? | 40 |
| Conas a thaistealóidh tú? | How will you travel? | 40 |
| Déan cur síos ar an tsaoire. | Describe the holiday. | 41 |
| Ainmnigh na háiseanna a bheidh ann. | Name the facilities that will be there. | 41 |
| Conas a úsáidfidh tú na háiseanna? | How will you use the facilities? | 42 |
| Conas a bheidh an aimsir? | How will the weather be? | 42 |

An Ghramadach san Aonad Seo • Grammar in This Unit

- 1a. Briathra rialta san ionad seo: na réimnithe • Regular verbs in this unit: the conjugations
- 1b. Briathra rialta: na haimsirí (Láithreach agus Caite) • Regular verbs: the tenses (present and past)
2. Briathra neamhrialta san Aimsir Chaite • Irregular verbs in the past tense
3. Briathra rialta san Aimsir Fháistineach • Regular verbs in the future tense
4. Briathra neamhrialta san Aimsir Fháistineach • Irregular verbs in the future tense
5. Na forainmneacha réamhfhoclacha • The prepositional pronouns
6. An Cultúr san Aonad Seo • Culture in This Unit
7. An Ghaeilge timpeall ort: Logainmneacha • The Irish that surrounds you: Place names
8. An Fhilíocht san Aonad Seo • Poetry in This Unit
9. 'An Mhaighdean Mhara': amhrán traidisiúnta • 'The Mermaid': traditional song

Bunchlocha



Labhair Gaeilge! Do scéal féin!



Úsáid na boscaí ar leathanaigh 00–00 chun ‘Mo Scéal Féin’ a scríobh i do Thaifead Pearsanta (leathanach 00). Ansin bí ag caint. Le do mhúinteoir ... le do chairde ... leis an duine atá in aice leat ... leat féin!

1. Mo chuid laethanta saoire • My holidays



a Cathain a théann tú ar laethanta saoire? Conas a théann tú? Cá dtéann tú? When do you go on holidays? How do you go? Where do you go?

Téim ar laethanta saoire

I go on holidays

Téimid (Téann muid) ar laethanta saoire

We go on holidays

sa samhradh in the summer

sa gheimhreadh in the winter

um Cháisc at Easter um Nollaig at Christmas

ag an sos lárthearma at midterm break

Téim I go

ar an mbus on the bus ar an traein on the train

Téim(id)

i gcarr in a car in eitleán in a plane ar an mbád

I (we) go

on the boat i dtacsaí in a taxi ar rotha(i)r on bike(s)

de ghnáth usually

Téim(id)

ag campáil camping faoin tuath to the countryside

I (we) go

go dtí an trá to the beach thar lear abroad (Féach thíos)

de ghnáth usually

b Cá ndeachaigh tú an anuraidh/i mbliana (srl.)? Where did you go last year/this year (etc.)?

Chuaigh mé I went

Chuaigh muid*

We went

Tháinig mé I came

Tháinig muid*

We came

*nó: Chuamar/
Thángamar

go dtí an chathair to the city

faoin tuath to the countryside

síos faoin tír down the county

go dtí an trá to the beach

thar lear abroad

chun na gréine to the sun

go Sasana to England (srl. Féach thíos)

go dtí an Ghaeltacht to the Gaeltacht
(Féach lch. 00)

anuraidh last year

i mbliana this year

an samhradh* seo (caite)

this (last) summer

*nó: an bhliain/

an geimhreadh/an Cháisc/

an Nollaig seo caite

last winter/Easter/Christmas

c Laethanta saoire in Éirinn
Holidays in Ireland



Chuaigh mé/muid...

go Corcaigh to Cork go Gaillimh to Galway go Maigh Eo to Mayo
go Dún na nGall to Donegal go Ciarraí to Kerry go Tiobraid Árann to Tipperary
go Tír Eoghain to Tyrone go dtí An Clár to Clare go hAontroim to Antrim
go Luimneach to Limerick go dtí An Dún to Down go Ros Comáin to Roscommon
go Loch Garman to Wexford go dtí An Mhí to Meath go Doire to Derry
go dtí An Iarmhí to Westmeath go Cill Chainnigh to Kilkenny go Cill Mhantáin to Wicklow
go hUíbh Fháilí to Offaly go dtí An Cábhán to Cavan go Fear Manach to Fermanagh
go Port Láirge to Waterford Sligeach to Sligo go Laois to Laois go Cill Dara to Kildare
go Liatroim to Leitrim go hArd Mhacha to Armagh go Muineachán to Monaghan
go dtí An Longfort to Longford go Baile Átha Cliath to Dublin go Ceatharlach to Carlow
go Contae Lú to County Louth

d Laethanta saoire thar lear Holidays abroad

Chuaigh mé/muid...

| | |
|-----------|---|
| go dtí to | An Afraic Africa An Bheilg Belgium An Bhrasaíl Brazil An Bhreatain Britain An Bhreatain Bheag Wales An Chipir Cyprus An Danmhairg Denmark An Eilvéis Switzerland An Fhrainc France An Ghearmáin Germany An Ghréig Greece An India India An Iodáil Italy An Ísiltír the Netherlands An Laitvia Latvia An Liotuáin Lithuania An Ollain Holland An Pholainn Poland An Phortaingéil Portugal An Rómáin Romania An Rúis Russia An tSín China An Spáinn Spain |
| go to | hAlbain Scotland Ceanada Canada Lucsamburg Luxembourg Meiriceá America Sasana England |

e Cá fhaid a chaith tú ann? How long did you spend there?

| | | |
|----------------------|-----------------------------------|--------------|
| Chaith mé I spent | cúpla lá a couple of days | ann there |
| Chaitheamar We spent | cúpla seachtain a couple of weeks | |
| Chaith muid We spent | cúpla mí a couple of months | |
| | deireadh seachtaine a weekend | |

| | |
|----------------------------------|---|
| Bhí mé ann I was there | ar feadh seachtaine for a week ar feadh coicíse for a fortnight ar feadh trí seachtaine for three weeks ar feadh míosa for a month |
|----------------------------------|---|

2. Cúrsaí taistil • Travel

a Conas a thaistil tú? Cathain? How did you travel? When?

| | | |
|---|--|--|
| D'imigh mé/muid ann I/We went there | ar an traein on the train ar an mbus on the bus | maidin Dé Luain on Monday morning |
| D'imíomar ann We went there | in eitleán in a plane ar an mbád on the boat | tráthnóna Dé Máirt on Tuesday afternoon |
| Thaistil mé/muid ann I/We travelled there | ar long on a ship i gcarr in a car | oíche Dé Céadaoin on Wednesday night |
| Thaistealaíomar ann We travelled there | i dtacsáí in a taxi ar rotha(i)r on bike(s) | ar an 20 Lúnasa (srl.) on 20 August (etc.) |

b Déan cur síos ar an lá sin. Describe that day.

Ar dtús... First... Ansin... Then... Ina dhiaidh sin... After that... Ar deireadh... Finally...

| | | | | |
|---|-----------------|--------------------------------------|------------------------|---------------------------|
| Dúirt Mam/Daid 'Éirígí! Mam/Dad said 'Get up!' | | a cúig five | | a seacht seven |
| D'éirigh mé/muid* I/We got up | | a deich ten | | a hocht eight |
| Phacáil mé/muid* na cásanna I/We packed the cases | ar at | a ceathrú a quarter | chun to | a naoi nine |
| D'fhág mé/muid* an teach I/We left the house | | a fiche twenty | | a deich ten |
| *nó: D'éiríomar/Phacálar/ D'fhágamar... | | a fiche cúig twenty-five | tar éis past | a haon déag eleven |
| | | a leathuair half (an hour) | | a dó dhéag twelve |
| | | | | a haon one |
| | | | | a dó two |
| | | | | a trí three |
| | | | | a ceathair four |
| | | | | a cúig five |
| | | | | a sé six |



c Cá bhfuair tú an traein (srl.)? Cén t-am?

Where did you get the train (etc.)? What time?

| | | | | |
|-----------------------------|--|--|---|---------------------------------------|
| Fuair mé I got | tacsáí a taxi bus a bus | go dtí to | an stáisiún traenach the train station an stáisiún bus the bus station an t-aerfort the airport an calafort the port | ar a X a chlog at X o'clock |
| Fuair muid We got | traein a train | | | |
| Fuaireamar We got | an t-eitleán the plane an bád the boat an long the ship | san aerfort in the airport sa chalafort in the port ar an gcé on the quay | | (Féach lch. 00) |

d Cathain a shroich tú an áit? When did you reach the place?

| | | | |
|--|---|---|--|
| Shroich an t-eitleán (srl.) The plane (etc.) reached | an áit the place an tír the country an chathair the city an Spáinn, srl. Spain, etc. | | agus bhí mé scriosta and I was wrecked |
| Shroich mé I reached | an coláiste the college an t-ionad saoire the holiday centre an t-ionad campála the campsite | ar X a chlog at X o'clock | agus bhíomar scriosta and we were wrecked |
| Shroich muid We reached | an t-óstán the hotel an t-árasán the apartment/flat | ar an Xú lá on the Xth day | agus bhíomar in ardghíumar and we were in great humour |
| Shroicheamar We reached | an carbhán the caravan teach m'uncaíl my uncle's house teach m'aintín my aunt's house | | agus bhíomar stiúgtha and we were starving agus bhíomar spallta and we were parched |

3. An aimsir • The weather

Conas atá an aimsir? Conas a bhí an aimsir?
How is the weather? How was the weather?



| | |
|--|---|
| <p>Tá/Bhí an aimsir The weather is/was</p> <p>Tá/Bhí sé It is/was</p> <p>Bhí an chéad chúpla lá The first couple of days were</p> <p>Bhí roinnt de na laethanta Some of the days were</p> <p>D'éirigh sé It became</p> <p>...ach ina dhiaidh sin bhí sé ...but after that it was</p> | <p>go maith good an-mhaith very good go breá fine</p> <p>ar fheabhas brilliant dochreidte unbelievable</p> <p>ceart go leor alright go dona bad an-dona very bad</p> <p>go huafásach terrible cineál measctha kind of mixed</p> <p>te hot an-te very hot róthe too hot</p> <p>fuair cold an-fhuair very cold rófhuair too cold</p> <p>tirim dry an-tirim very dry fliuch wet an-fhliuch very wet</p> <p>gaofar windy an-ghaofar very windy geal bright</p> <p>grianmhar sunny gruama gloomy ciúin calm</p> <p>scamallach cloudy stoirmiúil stormy toirniúil thundery</p> |
| <p>Bhí There was</p> | <p>ag tintreach agus ag toirneach thundering and lightning</p> |
| <p>Bhí sé It was</p> | <p>ag cur sneachta snowing ag báisteach raining</p> <p>ag stealladh báistí lashing rain ag cur seaca freezing over</p> <p>ag feabhsú improving</p> |
| <p>Thosaigh sé It started</p> | |

| | | |
|--|--|---|
| <p>Tá/Bhí an ghrian The sun is/was</p> <p>Tá/Bhí an ghaoth The wind is/was</p> <p>Tá/Bhí an sneachta The snow is/was</p> <p>Tá/Bhí calóga sneachta Snowflakes are/were</p> <p>Tá/Bhí an bháisteach The rain is/was</p> <p>Tá/Bhí clocha sneachta Hailstones are/were</p> | <p>ag taitneamh shining</p> <p>ag scoilteadh na gcloch splitting the stones</p> <p>ag séideadh blowing</p> <p>ag titim falling</p> <p>ag clagarnach ar an díon clattering on the roof</p> | <p>ó mhaidin go hoíche from morning to night</p> <p>faoi láthair at the moment</p> <p>gan stad ceaselessly</p> <p>an tseachtain ar fad all week</p> <p>an choicís ar fad all fortnight</p> |
|--|--|---|

| | |
|--------------------------------|--|
| <p>Bhí mé I was</p> | <p>préachta leis an bhfuacht frozen with the cold</p> <p>marbh ag an teas 'killed' with the heat</p> <p>chomh dearg le tráta as red as a tomato</p> |
|--------------------------------|--|

4. Do thuairim reatha faoin tsaoire • Your current opinion of the holiday

a Conas atá ag éirí leat? How are you getting on?

Tá mé ag baint an-taitneamh I am getting great enjoyment
Níl mé ag baint taitneamh ar bith I am not getting any enjoyment

as an tsaoire
out of the holiday

Tá mé ag iarraidh I want
Níl mé ag iarraidh I don't want

fanacht anseo (go deo) to stay here (forever)
dul abhaile to go home

b Cathain a bheidh tú ag dul abhaile? When will you be going home?

Beimid
We'll be

ag filleadh
returning

amárach tomorrow
an tseachtain seo chugainn
next week

faraor alas

Beidh muid
We'll be

ag dul abhaile
going home

Dé _____ on _____ day

buíochas le Dia!
thank God!

5. Na daoine • The people

a Bí ag caint faoi na daoine. Talk about the people.



Tá/Níl na daoine
The people are/aren't

(iontach)
(very)

Tá/Níl siad
They are/aren't

(beagáinín)
(a little)

Bhí/Ní raibh na daoine
The people were/were not

Bhí/Ní raibh siad
They were/were not

(pioc)
(at all)

deas nice lách decent cairdiúil friendly
álainn lovely cineálta kind flaithiúil generous
spórtúil amusing spéisíúil interesting
aisteach strange eascairdiúil unfriendly
craiceáilte crazy cantalach cranky
crosta cross díograiseach dedicated
gránna horrible cruálach cruel
searbhasach sarcastic leamh boring
dian strict leisciúil lazy sprionlaithe mean
cabhrach helpful

b Ar bhuail tú le haon duine spéisiúil?
Did you meet anybody interesting?

| | | | |
|-------------------------------------|--|--|--|
| Bhuail mé le I met (with) | buachaill a boy cailín a girl | ar an mbád on the boat ar an eitleán on the plane sa chathair in the city ar an trá on the beach ar an mbóthar on the road sa siopa in the shop ar an tsráid on the street | inné yesterday inniu today Dé... on... |
| Chas mé ar I met (+ h) | duine a person daoine people | ag an dioscó at the disco ag an gcéilí at the céilí ag an linn snámha at the swimming pool sa phictiúrlann in the cinema sa halla in the hall san ionad campála in the campsite | |

| | | | |
|-----------------------|---|--------------------|---|
| Pedro Pedro | is ainm dó/di is his/her name ab'ainm dó/di was his/her name | agus and | tá sé/sí/siad go hálainn he/she/they is/are lovely |
| Maria Maria | is ainm dóibh are their names ab'ainm dóibh were their names | | bhí sé/sí go hálainn he/she were lovely bhí siad go hálainn they were lovely |

6. An bia • The food

Bí ag caint faoin mbia. Talk about the food.

| | |
|--|--|
| Tá/Níl an bia The food is/is not Tá/Bhí sé It is/was | an-mhaith very good an-dona very bad ar fheabhas excellent blasta tasty an-bhlasta very tasty difriúil different leamh bland aisteach strange déistineach disgusting uafásach terrible |
|--|--|

| | | | | | |
|--------------------------|---|---|--|----------------------------------|---|
| D'ith mé I ate | bricfeasta breakfast lón lunch dinnéar dinner béile a meal burger* a burger steig a steak | sa bhaile mór in the town sa bhialann in the restaurant san óstán in the hotel san árasán in the apartment | ar maidin this morning inniu today inné yesterday aréir last night cúpla uair a couple of times | agus bhí sé and it was | an-bhlasta very tasty déistineach disgusting fuar cold amh raw |
|--------------------------|---|---|--|----------------------------------|---|

***nó: spaigítí** spaghetti **ochtapas** octopus **bia Spáinneach (srl.)** Spanish food (etc.) (**Féach lch. 00**)

7. An áit (a bhfuil tú ar saoire ann) • The place (in which you are on holiday)

Bí ag caint faoin áit. **Talk about the place.**

Taitníonn (appeals)
Thaitin (appealed)

an áit this place **an ceantar** this area
an tír this country **an chathair** this city

go mór liom
greatly

Tá sé It's **Bhí sé** It was
Tá/Bhí an tír The country is/was
Tá/Bhí an chathair
The city is/was
Tá/Bhí an radharc tíre
The scenery is/was

go hálainn lovely **marbhánta** dull **iargúlta** remote
plódaithe le turasóirí packed with tourists
ollmhór huge **brocach** filthy **taibhseach** magnificent
ag titim as a chéile falling apart **dochreidte** unbelievable
nua-aimseartha modern **seanfheiseanta** old-fashioned
fíorálainn truly beautiful **gránna** horrible **leamh** boring

Tá
There are
Bhí
There was

bláthanna flowers **crainn** trees **sléibhte** mountains
uisce water **ainmhithe** animals **tithe** houses **siopaí** shops
séipéil a church **tithe tábhairne** pubs **árasáin** apartments
monarchana factories **daoine** people **turasóirí** tourists
páistí children **carranna** cars **busanna** buses **trácht** traffic
páirceanna fields **foirgnimh** buildings

gach áit
everywhere
síos an bóthar
down the road



8. Saoire cois farraige • A holiday by the sea

a Cad a thugann tú leat? Cad a thug tú leat?

What do you bring with you? What did you bring with you?

De ghnáth... Usually... Gach bliain... Every year... Gach samhradh... Every summer...
I mbliana... This year... An samhradh seo... This summer... I mí Lúnasa... In August...

Tugaim I bring
Thug mé I brought
Tugann Liam/Órla
Liam/Órla bring
Thug Liam/Órla
Liam/Órla brought

Tugann muid*
We bring
Thug muid**
We brought

* nó: Tugaimid
** nó: Thugamar

Thug gach duine
Everyone brought

culaith shnámha a swimsuit **tuáille** a towel
ola ghréine suntan oil **slat iascaigh** a fishing rod
spéaclaí gréine sunglasses **buicéad** a bucket **spád**
a spade **sciatháin uisce** water wings **bréagáin** toys

blaincéad a blanket **bosca picnice** a picnic box

báidín rubair a rubber dinghy
seaicéad tarrthála a lifejacket

scáth fearthainne an umbrella **leabhar** a book
raidió radio **seinnteoir mp3** an mp3 player
consól cluichí a games **console táibléad** a tablet
an fón póca the mobile phone **luchtaire** a charger
paca cártaí a pack of cards **clár fichille** a chessboard

liom
with me

leis
with him

léi
with her

linn
with us

leo
with them



b Conas a chaitheann tú do chuid ama ar saoire? Conas a chaith tú do chuid ama ar saoire? **How do you spend your time on holiday? How did you spend your time on holiday?**

Gach lá... Every day... Gach maidin... Every morning... Gach oíche... Every night...
Inné... Yesterday... Dé hAoine... On Friday... Aréir... Last night...

Caithim mo chuid ama

I spend **my** time

Chaith mé mo chuid ama

I spent **my** time

Téim I go

Chuaigh mé I went

Téann Mam/Daid/Mamó, srl.

Mam/Dad/Grandma, etc. go

Chuaigh Mam/Daid/Daideo

Mam/Dad/Grandad went

Caitheann Seán a chuid ama

Seán spends **his** time

Chaith Seán a chuid ama

Seán spent **his** time

Caitheann Deirdre a cuid ama

Deirdre spends **her** time

Chaith Deirdre a cuid ama

Deirdre spent **her** time

Bíonn Mam Mam 'does be'

Bhí Daid Dad was

ag snámh swimming

ag súgradh playing

ag iascaireacht fishing

ag lapadaíl paddling

ag seoltóireacht sailing

ag rámháocht rowing

ag bádóireacht boating

ag grianaíocht sunbathing

ag dreapadóireacht climbing

ag siúl walking

ag bailiú sliogán

collecting shells

ag déanamh caisleán

making castles

ag siopadóireacht shopping

ag scríobh cártaí poist

writing postcards

ag scríobh ríomhphoist

writing emails

ag imirt fichille playing chess

ag imirt le... playing with...

ag súgradh 'playing' (kids)

san fharraige

in the sea

ar an trá

on the beach

san ionad siamsa

in the amusements centre

ar an bhfarraige

on the sea

sna cnoic

in the hills

sa bhaile mór

in the town

sa teach

in the house

san óstán

in the hotel

c Céard a rinne tú ar an trá (srl.)? **What did you do on the beach (etc.)?**

Chonaic mé

I saw

Chuala mé

I heard

Bhailigh mé

I collected

Rug mé ar

I caught

crosóg mhara a starfish **smugairle róin** a jellyfish

portán (marbh) a (dead) crab

gliomach (marbh) a (dead) lobster

faoileáin seagulls **éanlaithe mara** seabirds

clocha stones **carraigeacha** rocks **feamainn** seaweed

ruacain cockles **sliogáin** shells **bairnigh** limpets

iasc a fish

san uisce

in the water

ar an trá

on the beach

san fharraige

in the sea

9. Campáil • Camping



a Cad a thugann tú leat? Cad a thug tú leat?

What do you bring with you?

What did you bring with you?

| | | |
|---|--|---|
| Tugaim I bring Thug mé I brought | ampa a tent mála codlata a sleeping bag mála droma a backpack sorn gáis a gas stove | liom with me |
| Tugann Liam/Órla Liam/Órla bring Thug Liam/Órla Liam/Órla brought | friochtán a frying pan sáspan a saucepan sceana knives forcanna forks spúnóga spoons cupáin cups sásair saucers plátaí plates miasa dishes | leis with him léi with her |
| Tugann muid* We bring Thug muid** We brought Thug gach duine Everyone brought | bia food: tae tea siúcra sugar bainne milk arán bread im butter feoil meat ispíní sausages slisíní bagúin rashers cáis cheese úlla apples oraístí oranges deoch a drink | linn with us leo with them |
| * nó: Tugaimid ** nó: Thugamar | | |

b Bí ag caint faoi na háiseanna san ionad campála.

Talk about the facilities in the campsite.

| | | | | |
|--------------------------------------|--|--|--|--|
| Tá There is/are | carbháin caravans ampaí tents leithris toilets seomra(i) cithfholctha shower room(s) | san ionad campála in the campsite ann 'in it' (there) | agus tá sé and it is agus bhí sé and it was | glan clean an-ghlan very clean |
| Bhí There is/were | uisce te hot water leictreachas electricity gás gas | anseo here | agus tá siad and they are agus bhí siad and they were | go hálainn lovely salach dirty an-salach very dirty |
| Níl aon* There's no | ollmhargadh a supermarket siopa a shop | síos an bóthar down the road trasna an bhóthair across the road | ach tá sé but it is ach bhí sé but it was | brocach filthy briste broken dúnta closed scriosta wrecked |
| Ní raibh aon* There was no | bialann a restaurant seomra cluichí a games room | cúpla míle ón áit a couple of miles from the place | ach tá siad but they are ach bhí siad but they were | faraor unfortunately |
| (*aon + séimhiú) | cúirt(eanna) leadóige tennis court(s) linn snámha a swimming pool | sa timpeallacht in the vicinity | | |

c Conas a úsáideann tú na háiseanna? Conas a d'úsáid tú na háiseanna?
How do you use the facilities? How did you use the facilities?

| | | |
|---|---|---|
| Gach lá... Every day... Gach maidin... Every morning... Gach oíche... Every night... Inné... Yesterday... Dé hAoine... On Friday... Aréir... Last night... | | |
| Tógaim I take Thóg mé I took | cithfholcadh a shower folcadh a bath | sa seomra cithfholctha in the shower room |
| Ceannaím I buy Cheannaigh mé I bought Ithim/D'ith mé I eat/I ate Déanaim I make Rinne mé I made | bia food: tae tea siúcra sugar bainne milk arán bread im butter cáis (srl.) cheese (etc.) bricfeasta breakfast lón lunch dinnéar dinner suipéar supper ceapairí sandwiches | san ollmhargadh in the supermarket sa siopa in the shop sa bhialann in the restaurant sa champa in the tent |
| Imrím I play D'imir mé I played | púl pool leadóg bhoird table tennis leadóg tennis galf golf | sa seomra cluichí in the games room ar an gcúirt leadóige on the tennis court ar an ngalfchúrsa on the golf course |
| Téim I go Chuaigh mé I went | ag snámh swimming ag lapadaíl paddling ag tumadóireacht diving | sa linn snámha in the swimming pool san abhainn in the river san fharraige in the sea |

d Cad eile a dhéanann tú? Cad eile a rinne tú?
What else do you do? What else did you do?

| | | | |
|--|--|--|--|
| Bím I 'do be' Bhí mé I was Téim I go | ag codladh sleeping ag cócaireacht cooking ag ithe eating ag siúl walking ag dreapadh climbing | sa champa in the tent sa bhialann in the restaurant sna sléibhte in the mountains ar an gcúirt leadóige on the tennis court sa seomra cluichí in the games room sa linn snámha (srl.) in the swimming pool (etc.) ar an ngalfchúrsa on the golf course | ó mhaidin go hoíche from morning to night gach lá every day gach oíche every night an t-am at fad all the time an tseachtain ar fad all week go minic often ó am go chéile from time to time an choicís ar fad all fortnight |
| Chuaigh mé I went | ag imirt leadóige playing tennis | | |
| Is breá liom a bheith I love | ag imirt púil playing pool ag snámh swimming ag imirt gailf playing golf | | |

10. Óstáin agus árasáin • Hotels and apartments

- a** Conas atá an t-óstán (an t-árasán)? Conas a bhí an t-óstán (an t-árasán)?
How is the hotel (apartment)? How was the hotel (apartment)?

| | |
|--|---|
| Tá/Bhí an t-óstán The hotel is/was | mór big an-mhór very big beag small an-bheag very small |
| Tá/Bhí an t-árasán The apartment is/was | sean old an-sean very old nua new an-nua very new seanfhaiseanta old-fashioned nua-aimseartha modern glan clean an-ghlan very clean salach dirty an-salach very dirty |
| Tá/Bhí na háiseanna The facilities are/were | go maith good an-mhaith very good ar fheabhas brilliant go dona bad an-dona very bad go huafásach terrible |

- b** Bí ag caint faoi na háiseanna san óstán/sa choimpléasc árasán.
Talk about the facilities in the hotel/apartment complex.

| | | | | | | |
|---------------|---|--|---|---|---------------------|--|
| Tá There's | bialann a restaurant teach allais a sauna grianleaba a sunbed linn snámha a swimming pool cúirt leadóige a tennis court galfchúrsa a golf course seomra aclaíochta an exercise room | anseo here ann there (in it) | Bím I 'do be' Bhí mé I was | ag ithe eating ag cur allais sweating ag luí faoi lying under it ag snámh swimming ag imirt playing ag aclaíocht exercising | ann there | ó mhaidin go hoíche from morning to night gach lá every day an tseachtain ar fad all week an choicís ar fad all fortnight |
|---------------|---|--|---|---|---------------------|--|



c Cad atá (a bhí) sa svuít óstáin/árasán?

What is (was) in the hotel suite/apartment?

| | | | | |
|--------------------------|-----------------------------|--|--|--------------------------------|
| Tá There is/are | seomra amháin one room | sa svuít óstáin in the hotel suite | agus tá sé and it is agus bhí sé and it was | ceart go leor okay |
| | dhá sheomra two rooms | | | go deas nice |
| Bhí There was/were | trí sheomra three rooms | san árasán in the apartment ann in it | agus tá siad and they are agus bhí siad and they were | go hálainn lovely |
| | teilifís a television | | | iontach great |
| | balcóin a balcony | | | salach dirty |
| | cistin a kitchen | | | i ndroch-chaoi in a bad way |
| | cuisneoir a fridge | | | briste broken |
| | aerchóiriú air conditioning | | | |
| leithreas a toilet | | | | |
| cithfholcadh a shower | | | | |

d Déan cur síos ar lucht an óstáin (an choimpléics).

Describe the people in the hotel (the complex).

Níl an bainisteoir go deas! The manager is not nice!

Tá na haíonna eile gránna. The other guests are horrible.

Bhí an cócaire cantalach agus gránna! The chef was cranky and unpleasant!

| | | | |
|--------------|--------------------------------------|---------------------------|-------------------|
| Tá/Níl | an bainisteoir the manager | go deas nice | an-deas very nice |
| | an fáilteoir the receptionist | lách decent | go hálainn lovely |
| Bhí/Ní raibh | na glantóirí the cleaners | tuisceanach understanding | |
| | an doirseoir the doorman | cineálta kind | crosta cross |
| | an cócaire the chef | cantalach cranky | cabhrach helpful |
| | an freastalaí the waiter/waitress | leisciúil lazy | gránna horrible |
| | na haíonna (eile) the (other) guests | móiréiseach pretentious | |
| | | an-ghalánta very posh | craiceáilte crazy |

11. An turas abhaile • The journey home

a Bí ag caint faoin lá deireanach. Talk about the last day.

| | | | |
|--|--------------------------|---|--------------------------------|
| Ar an lá deireanach On the last day | d'fhág mé I left | an t-óstán, srl. the hotel, etc. | ar a X a chlog at X o'clock |
| | d'fhág muid* we left | | |
| Dé Sathairn (srl.) On Saturday (etc.) | fuair mé I got | an bus (an traein, srl.) the bus (the train, etc.) | |
| | fuair muid* we got | | |
| | shroich mé I reached | an baile home | |
| | shroich muid* we reached | Éire Ireland | |

*nó: d'fhágamar/fuairamar/shroicheadar

b Conas a bhí an tsaoire? **How was the holiday?**

| | |
|--|--|
| <p>Bhain mé an-taitneamh I got great enjoyment Bhain mé an-chraic I 'knocked' great craic Níor bhain mé taitneamh ar bith I got no enjoyment Níor bhain mé craic ar bith I didn't 'knock' any craic</p> | <p>as an tsaoire out of the holiday</p> |
| <p>Bhí áthas orm I was happy Bhí brón orm I was sad Bhí fearg orm I was angry Bhí díomá orm I was disappointed</p> | <p>is mé ag dul abhaile going home</p> |

12. An bhliain seo chugainn • Next year

a Cá rachaidh tú an bhliain seo chugainn? **Where will you go next year?**

| | | |
|---|--|--|
| <p>Rachaidh mé I will go Rachaidh muid* We will go Beidh mé ag dul I will be going Beidh muid* ag dul We will be going</p> | <p>go dtí an chathair to the city síos an tír down the county go dtí faoin trá to the beach thar lear, srl. abroad, etc. ag campáil camping</p> | <p>an bhliain seo chugainn next year an samhradh seo chugainn next summer um Cháisc, srl. at Easter, etc. sa samhradh in the summer</p> |
| <p>*nó: Rachaimid/Beimid</p> | <p>(Féach lch. 00)</p> | <p>(Féach lch. 00)</p> |

b Cá fhad a chaithfidh tú ann? **Conas a thaistileoidh tú?**
How long will you spend there? How will you travel?

| | |
|--|--|
| <p>Beidh mé ann I will be there</p> | <p>ar feadh seachtaine for a week ar feadh coicíse for a fortnight ar feadh trí seachtaine for three weeks ar feadh míosa for a month</p> |
|--|--|

| | | |
|--|---|--|
| <p>Imeoidh mé/muid ann I/We will go there Taistéalóidh mé/muid ann I/We will travel there</p> | <p>ar an traein on the train ar an mbus on the bus in eitleán, srl. in a plane, etc.</p> | <p>ar an 20 Lúnasa (srl.) on 20 August (etc.)</p> |
|--|---|--|

c Déan cur síos ar an tsaoire. Describe the holiday.

| | | |
|---|---|---|
| <p>Éireoidh mé I will get up Pacálfaidh mé I will pack Fágfaidh mé I will leave</p> | <p>as mo leaba out of my bed na cásanna the cases an teach the house an scoil the school</p> | <p>ar a X a chlog at X o'clock</p> |
| <p>Gheobhaidh mé I will get</p> | <p>an traein the train an t-eitleán, srl. the plane, etc.</p> | <p>go dtí an stáisiún traenach to the train station san aerfort, srl. in the airport, etc. (Féach lch. 00)</p> |
| <p>Sroichfidh mé I will reach</p> | <p>an Spáinn, srl. Spain, etc. (Féach lch. 00)</p> | <p>ar a trí a chlog, srl. at three o'clock, etc.</p> |
| <p>Tabharfaidh mé I will bring</p> | <p>spéaclaí gréine sunglasses ampa, srl. a tent, etc. (Féach lch. 00)</p> | <p>liom with me</p> |
| <p>Caithfidh mé mo chuid ama I'll spend my time Beidh mé I will be Rachaidh mé I will go</p> | <p>ag snámh swimming ag grianaíocht, srl. sunbathing, etc. ag siopadóireacht, srl. shopping, etc. (Féach lch. 00)</p> | <p>san fharraige in the sea ar an trá on the beach sa bhaile mór in the town</p> |

d Ainmnigh na háiseanna a bheidh ann.

Name the facilities that will be there.

| | | |
|--|---|--|
| <p>Beidh There will be</p> <p>Ní bheidh aon* There will be no</p> <p>(*aon + séimhiú)</p> | <p>uisce te hot water leictreachas electricity ollmhargadh a supermarket bialann a restaurant seomra cluichí a games room cistin a kitchen linn snámha, srl. a swimming pool, etc. (Féach lgh. 00 agus 00)</p> | <p>san ionad campála in the campsite san óstán in the hotel san árasán in the apartment ann 'in it' (there)</p> |
|--|---|--|

e Conas a úsáidfidh tú na háiseanna? **How will you use the facilities?**

| | | |
|---|---|---|
| Tógfaidh mé I will take | cithfholcadh a shower | sa seomra cithfholctha in the shower room |
| Ceannóidh mé I will buy Íosfaidh mé I will eat Déanfaidh mé I will make | bia food: tae tea siúcra, srl. sugar, etc. bricfeasta breakfast lón lunch dinnéar dinner suipéar supper ceapairí sandwiches | san ollmhargadh in the supermarket sa bhialann in the restaurant sa champa in the tent |
| Imreoidh mé I will play | púl pool leadóg bhoird table tennis leadóg tennis galf golf | sa seomra cluichí in the games room ar an gcúirt leadóige on the tennis court ar an ngalfchúrsa on the golf course |
| Rachaidh mé I will go | ag snámh swimming ag lapadaíl paddling ag tumadóireacht diving | sa linn snámha in the swimming pool san abhainn in the river san fharraige in the sea |

f Conas a bheidh an aimsir? **How will the weather be?**

| | | |
|-------------------------------|--|---|
| Tá súil agam I hope | go mbeidh an aimsir that the weather will be nach mbeidh an aimsir that the weather will not be go mbeidh an ghrian that the sun will be nach mbeidh an bháisteach that the rain will not be Nóta: Féach lch. 00. | go maith, srl. good, etc. róthe, srl. too hot, etc. ag scoilteadh na gcloch splitting the stones ag clagarnach ar an díon clattering on the roof |
|-------------------------------|--|---|

Seo Linn!

Mo chuid laethanta saoire



Labhair Gaeilge! Obair bheirte



Bí ag caint leis an duine atá in aice leat faoi laethanta saoire. Cuirigí na ceistanna thíos ar a chéile agus tugaigí freagraí ar a chéile.

Ná dearmad do Thaifead Pearsanta nua!

1. Cathain a théann tú ar laethanta saoire?
2. Conas a théann tú? Cá dtéann tú?
3. Cá ndeachaigh tú anuraidh/i mbliana?
4. Cá fhad a chaith tú ann?
5. Conas a thaistil tú? Cathain?
6. Déan cur síos ar an lá sin (an lá a thaistil tú).
7. Cá bhfuair tú an traein (srl.)? Cén t-am?
8. Cathain a shroich tú an áit?
9. Conas a bhí an aimsir?
10. Bí ag caint faoi na daoine.
11. Bí ag caint faoin mbia.
12. Conas a bhí an tsaoire?



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é!
(le cabhair do pháirtí ranga!)



Ceann don Phunann: Blag



Úsáid do chuid freagraí ar na ceistanna thuas chun blag dar teideal 'Mo Chuid Laethanta Saoire Anuraidh' a scríobh. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.





Bí ag léamh! Alt nuachtáin



Léigh an t-alt nuachtáin seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Na cúig ionad saoire is fearr le hÉireannaigh – in Éirinn agus thar lear!



De réir suirbhé a rinne an comhlacht iReach in Éirinn le déanaí, tá beagnach seachtar as gach deichniúr sa tír ag pleanáil saoire i mbliana. Nuair a fiafraíodh díobh cá rachaidís, dúirt 68 faoin gcéad go rachaidís thar lear, dúirt 17 faoin gcéad go bhfanfaidís in Éirinn agus dúirt 18 faoin gcéad go ndéanfaidís an dá thrá a fhreastal. Dar leis an 18 faoin gcéad seo, go mbeadh saoire amháin acu thar lear agus ceann eile in Éirinn acu!

Fuair an suirbhé amach freisin gurb iad na mná is mó a bhíonn ag iarraidh fanacht in Éirinn don tsaoire. Fir is ea 72 faoin gcéad de na daoine a bheartaíonn dul thar lear agus mná is ea 64 faoin gcéad díobh.

Maidir le hionaid saoire, roghnaíonn 38 faoin gcéad de na daoine an Spáinn. Tá an Phortaingéil sa dara háit le 19 faoin gcéad agus tá an Iodáil sa tríú háit le 13 faoin gcéad. Tá Sasana (12%) agus an Fhrainc (9%) coitianta go maith freisin mar rogha.

Ar na daoine a fhanfaidh in Éirinn do na laethanta saoire, rachaidh 49 faoin gcéad go dtí an trá, tabharfaidh 37 faoin gcéad cuairt ar ghaolta nó ar chairde agus fanfaidh 18 faoin gcéad sa bhaile chun obair a dhéanamh ar an teach nó ar an ngairdín.

Agus cad iad na hionaid saoire is fearr in Éirinn? Bhuel, rachaidh 36 faoin gcéad go Ciarraí i mbliana, rachaidh 25 faoin gcéad go Gaillimh agus rachaidh 22 faoin gcéad go Corcaigh. Tabharfaidh 22 faoin gcéad eile aghaidh ar Mhaigh Eo agus buailfidh 20 faoin gcéad bóthar Phort Láirge. Ar ndóigh, tá daoine a rachaidh go dtí dhá chontae nó níos mó sna figiúirí sin – mar sin tá os cionn 100 faoin gcéad i gceist leis na figiúirí sin.



Ceisteanna

1. Cad a thaispeánann gur maith le hÉireannaigh dul ar saoire?
2. Conas a dhéanann an 18 faoin gcéad sin an dá thrá a fhreastal?
3. Cén difríocht a léirítear idir fir agus mná maidir le saoirí?
4. Cén tír is mó a dtéann muintir na hÉireann ar saoire inti?
5. Cén tír atá ag bun an liosta seo?
6. Cén cineál saoire is fearr leis na daoine a fhanann in Éirinn?
7. Céard a dhéanfaidh na daoine nach rachaidh ar saoire?

8. Cén contae is mó a rachaidh daoine ar saoire ann?
9. Céard atá ag Corcaigh agus Port Láirge i gcomhpháirt lena chéile?
10. Cén fáth ar níos mó ná 100 faoin gcéad na céatadain ar fad?



Obair ghrúpa: Suirbhé

Déan suirbhé sa rang faoi ionaid saoire in Éirinn agus thar lear. Faigh amach na cúig thír is minice a ndeachaigh muintir an ranga chucu agus na cúig chontae in Éirinn is minice ar thug siad cuairt orthu freisin. Déan póstaer as toradh an tsuirbhé agus cuir ar an mballa é!



Obair ar líne: Taighde agus cur i láthair

(i) Roghnaigh trí áit saoire ar fud an domhain. I gcás gach áite a roghnaíonn tú, faigh amach leithéidí:

- Cá bhfuil sé?
- Conas is féidir dul ann (bád/eitleán, srl.)?
- Cá fhaid a mhaireann an turas sa bhád/eitleán?
- Cé mhéad a chosnaíonn sé dul ann?
- Conas atá an aimsir?
- Conas atá na daoine?
- Cad a itheann siad?
- Cad atá le feiceáil san áit?
- Cén caitheamh aimsire is féidir a dhéanamh san áit, srl.?
(Fút féin atá sé. Seo leat!)

(ii) Déan cur i láthair leis an eolas a aimsíonn tú.

D'fhéadfá leithéid PowerPoint a úsáid.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas cur i láthair a dhéanamh' ar leathanach 00.



Ceann don Phunann: Comhrá



Tá tú ar saoire sa Spáinn (nó i dtír eile). Cuireann tú glao WhatsApp ar do chara chun insint dó/di faoin tsaoire. Scríobh an comhrá a bheadh eadraibh. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.

I do chomhrá, luaigh:

- An turas
- An aimsir
- Conas atá ag éirí leat?
- Na daoine
- Duine spéisiúil a casadh ort
- An bia
- Béile deas a bhí agat
- Conas a chaitheann tú do chuid ama?



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é! (le cabhair ó chara!)

An fharraige agus caitheamh aimsire cois farraige




Bí ag léamh! Blag

Léigh an blag seo a scríobh Deirdre faoina cuid laethanta saoire cois farraige.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



An Trá Abú!

Cén scéal, a léitheoirí dílse? Deirdre anseo. Mar is eol daoibh, is breá liomsa na laethanta saoire. Téann mo theaghlach ar saoire gach seans a fhaighimid. Sa samhradh (chun na trá), sa gheimhreadh (chun an tsneachta!) agus um Nollaig, fiú (go dtí na margaí Nollag!). An samhradh seo, chuamar go Dún na nGall – go dtí teach saoire i bPort na Bláiche ar feadh coicíse. Bhí sé iontach!

Bhí an chéad lá beagáinín pianmhar! D'éiríomar ar a sé a chlog maidin Dé Sathairn agus d'fhágamar an teach ar a ceathrú chun a seacht. Fuaireamar tacsáí go dtí an stáisiún traenach agus ansin fuaireamar an traein ar a hocht a chlog. Shroicheadar an carbhán ar a haon a chlog tráthnóna. Bhí mé scriosta!

Thug mise mo chulaith shnámha agus mo thuáille liom mar is breá liom a bheith ag snámh. Thug na páistí buicéad agus spád an duine leo agus thug siad sciatháin uisce leo freisin mar níl siad ábalta snámh ar chor ar bith! Is mór an náire é!

Is fuath le Máirín an t-uisce, ach is breá léi a bheith ag léamh agus is aoibhinn léi ceol. Mar sin thug sí seinnteoir mp3 agus cúpla leabhar léi. Ar ndóigh, thug Daid a shlat iascaigh leis, agus thug Mam cúpla seaicéad tarrthála léi mar is breá léi ag bheith ag seoltóireacht!

Chaith mise mo chuid ama ag snámh agus ag bailiú sliogán. Chuaigh mé ag seoltóireacht le Mam cúpla uair agus bhí sé dochreidte. Bhí Daid ag iascaireacht ó cheann ceann na seachtaine agus ní bhfuair sé rud ar bith! Bhí gach duine ag gáire faoi.

Chaith Sinéad a cuid ama ar WhatsApp – ag cur teachtaireachtaí chuig a buachaill sa bhaile. Séamas is ainm dó agus is fuath liomsa é mar is amadán é! Nuair a bhí mé ag bailiú sliogán lá amháin, chonaic mé smugairle róin ar an trá. Smaoinigh mé ar Shéamas nuair a chonaic mé é!

Bhí an aimsir cineál measctha. Bhí an chéad chúpla lá go breá, ach ina dhiaidh sin bhí sé fliuch. Bhí an bháisteach ag clagarnach ar an díon! Lá amháin bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus an chéad lá eile bhí sé ag stealladh báistí!

Ar an lá deireanach d'fhágamar an carbhán ar a deich a chlog ar maidin agus shroicheadar an baile ar a ceathair a chlog an tráthnóna sin.

Bhain mé an-taitneamh as an tsaoire agus bhí brón orm agus mé ag dul abhaile. An bhliain seo chugainn, rachaimid ar ais go Dún na nGall le cúnamh Dé.

Ceisteanna

1. Cá dtéann clann Dheirdre um Nollaig?
2. Cá ndeachaigh siad an samhradh seo?
3. Cad a bhí pianmhar? Cén fáth?
4. Conas a thaistil siad go dtí an carbhán?
5. Cad a thug Deirdre léi? Cén fáth?
6. Cad a thug na páistí leo? Cén fáth?
7. Cén fáth ar thug Máirín na leabhair léi?
8. Cad a rinne Deirdre agus Mam?
9. Cad a chuir gach duine ag gáire?
10. Cad a chonaic Deirdre ar an trá?
11. Luaigh **dhá** phointe faoin aimsir.
12. Cén t-am a shroich siad an baile?
13. Cad a chuir brón ar Dheirdre?
14. Cad a dhéanfaidh siad an bhliain seo chugainn?

**Ceann don Phunann: Ríomhphost**

Tá tú ar laethanta saoire cois farraige le do theaghlach (in Éirinn nó thar lear). Scríobh ríomhphost chuig do chara faoin tsaoire.

Luaigh na rudaí seo i do ríomhphost:

- An áit a bhfuil tú
- Conas atá an aimsir?
- Na rudaí a thug sibh libh agus cén fáth
- Conas atá ag éirí leat (do thuairim reatha...)?
- Conas a chaitheann sibh bhur gcuid ama?
- Na daoine a casadh ort
- An bia
- An áit
- Rudaí spéisiúla a chonaic tú ar an trá
- Cathain a bheidh sibh ag dul abhaile?
- Cathain a fheicfidh tú do chara?



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas ríomhphost a scríobh' ar leathanach 00.

**Ceann don Phunann: Comhrá/agallamh**

Is cara le Deirdre tú...

(i) Scríobh an comhrá a bhí eadraibh nuair a bhuail tú léi tar éis na saoire (féach thuas).

nó:

(ii) Cuir agallamh ar Dheirdre faoina cuid laethanta saoire d'iris na scoile.

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas comhrá/agallamh a scríobh' ar leathanach 00.

Ceann don Phunann: Blag

 Scríobh blag faoin teideal ‘Laethanta Saoire Cois Farraige’.
Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: ‘Conas blag a scríobh’ ar leathanach 00.

Campáil

 Bí ag léamh! Ríomhphost

Fadhbanna san ionad campála

Léigh an ríomhphost seo a chuir Máire chuig a cara Katie.
Ansin freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.

<
>
★
↶
✕
🏠
🔍

Ó:

Do:

Ábhar:

A Katie,

Conas a bhí an samhradh? Cá ndeachaigh tú ar saoire? Chuaigh mise agus mo dheirfiúr Aoife ag campáil! Chuamar go Gaillimh ar feadh seachtaine! D’imíomar ar an traen maidin Dé Luain. Shroich an traen Gaillimh ar a haon a chlog agus bhíomar in ardghiúmar. Ansin chonaiceamar an t-ionad campála!

A Katie, bhí an t-ionad campála go huafásach! Bhí leithreas amháin ann ach bhí sé brocach! Bhí seomra cithfholctha ann freisin, ach ní raibh aon uisce te ann! Bhí cúirt leadóige ann ach bhí sé seachtó bliain d’aois – bhí sé scriosta! D’imir mé féin agus Aoife púl sa seomra cluichí agus bhí sé sin ceart go leor, ach bhí an teilifís briste agus ní raibh aon liathróidí ann don leadóg bhoird!

Agus leisceoir is ea Aoife! Rinne mise na béilí ar fad! Bhí mé ag cócaireacht ó mhaidin go hoíche – ispiní, slisíní bagúin, gach rud! Céard a rinne sise ó mhaidin go hoíche? D’ith sí!

Chuamar ag siúl sna sléibhte cúpla uair, ach bhí an aimsir an-dona. Bhí sé an-ghaofar agus bhí tintreach agus ag toirneach ann cúpla uair!

Ar an Satharn d’fhágamar an t-ionad campála ar a deich a chlog agus shroicheamar an baile ar a trí a chlog sa tráthnóna. Níor bhaineamar taitneamh ar bith as an tsaoire agus bhí fearg orainn is muid ag dul abhaile.

Bhuel, sin é mo scéal! Ceann brónach! Scríobh ar ais agus inis dom faoi do chuid laethanta saoire féin!

Ádh mór,
Máire

Ceisteanna

1. Cá ndeachaigh Máire agus a deirfiúr?
2. Cá fhad a chaith siad ann?
3. Conas a chuaigh siad ann?
4. Conas a bhí an t-ionad campála? Mínigh.

5. Ní raibh Máire sásta leis an leithreas. Cén fáth?
6. Cén fáth nach raibh sí sásta leis an seomra cithfholcha?
7. Conas a bhí an seomra cluichí?
8. ‘Leisceoir is ea Aoife!’ Cén fáth?
9. Conas a bhí an aimsir?
10. Cén fáth a raibh fearg orthu ag dul abhaile?

Not enough room here
for artwork :(



Féach: Bunchlocha
leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga:
‘Conas ríomhphost a
scríobh’ ar leathanach 00.



Ceann don Phunann: Ríomhphost



Is tusa Máire. Ní raibh do shaoire sásúil. Scríobh ríomhphost chuig bainisteoir an ionaid champála ag gearán faoin scéal. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Ceann don Phunann: Comhrá



Ghlaoigh tú ar Mháire ar WhatsApp. Scríobh síos an comhrá a bhí agat léi faoina saoire san ionad campála. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Bunchlocha
leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga:
‘Conas comhrá a scríobh’
ar leathanach 00.



Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é! (le cabhair ó chara!)



Obair bheirte: Rólimirt

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Scríobhaigí script le haghaidh na rólimeartha seo:

‘Tá Máire ag caint leis an mbainisteoir san ionad campála. Níl sí sásta leis na háiseanna. Níl an bainisteoir ródheas!’

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é! (Is féidir libh beirt é a úsáid!)



Ceann don Phunann: Blag



Chuaigh tú ag campáil tamall ó shin. Scríobh blag faoin tsaoire a bhí agat. Luaigh na pointí seo a leanas:

- Cathain a chuaigh tú ag campáil?
- An áit a ndeachaigh tú
- Cúrsaí taistil
- Cad a thug tú leat?
- An aimsir
- Na háiseanna san ionad campála
- Conas a chaith tú do chuid ama?
- Na daoine a casadh ort

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Bunchlocha
leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: ‘Conas
blag a scríobh’ ar leathanach 00.

Óstáin agus árasáin

Bí ag léamh! Cuntas greannmhar

Léigh an cuntas greannmhar seo a scríobh Pól ar an tsaoire a bhí aige lena theaghlach. Ansin freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.

Saoire Chraiceáilte!



Ag pacáil

Duine an-neirbhíseach is ea Daid. Nuair a bhí an teaghlach ag dul ar saoire go dtí an Iodáil sa samhradh, bhí sé ag rith timpeall an tí ar nós duine chraiceáilte.

‘An bhfuil gach rud agat anois?’ ar seisean le Mam.

‘Tá,’ ar sise.

‘Tuáillí?’

‘Is ea, tá tuáillí agam.’

‘Ola ghréine! Tá uachtar gréine an-daor thar lear! An bhfuil ola ghréine agat?’

D’fhéach sí air.

‘Tá uachtar gréine agam! Seacht mbuidéal! An leor sin duit?’

‘Céard faoi spéaclaí gréine?’ ar seisean.

‘Bíonn praghas uafásach ar spéaclaí gréine thar lear!’

‘A Dhónaill!’ arsa Mam go tapa. ‘Tá tuáillí agam. Tá uachtar gréine agam. Tá *spéaclaí* gréine agam! Tá *gach* rud agam, a dúirt mé.’

‘An bhfuil scáth fearthainne agat? B’fhéidir go mbeidh sé ag báist...’

‘A Dhónaill! TÁ GACH RUD AGAM!’

Ag taisteal

Shroich an tacsáí an t-aerfort ar a leathuair tar éis a seacht. Fuair Daid tralaí agus chuir sé na málaí ar fad air. Isteach linn tríd an doras mór gloine. Bhí teilifís ollmhór ann agus bhí liosta de na heitiltí ar fad air. Bhí uimhir gheata ann do gach eitilt.

‘Anois,’ arsa Daid. ‘Eitilt E459: Baile Átha Cliath go Roma.’

D’fhéach gach duine ar an teilifís.

Ní raibh aon eitilt E459 ar an liosta.

‘An bhfuil an uimhir cheart agat?’ arsa Mam.

‘Tá,’ arsa Daid. ‘Féach...’

D’fhéach Mam ar an ticéad.

‘A AMADÁIN!’ ar sise.

‘C... C... Céard?’ arsa Daid.

‘Ní théann E459 amach go dtí amárach!’

Níor oscail Daid a bhéal ar an mbealach abhaile sa tacsáí.





An áit

Shroicheamar an lodáil ar deireadh. Bhí an t-árasán go deas. Bhí trí sheomra ann. Ceann do na buachaillí, ceann do na cailíní, agus ceann do Mham agus Daid. Bhí balcóin ann freisin. Sheas Jeaic ar chathaoir agus chaith sé uisce ar fhear thíos ar an talamh. Fuair an fear na póilíní agus fuair Daid *fineáil* (a *fine*) €100! Bhí teilifís san árasán. Bhí mé ag féachaint ar *Eastenders* in lodáilis! Bhí fearg ar Ian. ‘Mamma mia!’ a bhí sé a rá!

Bhí na daoine go hálainn. Ró-álainn. Bhuail mise le cailín ar an trá. Francesca ab’ainm di agus bhí sí gleoite. Thug mé cuireadh di dul go dtí an dioscó. Ansin bhuail mé le Leonardo, a buachaill. Ní raibh seisean ródheas liom.

Agus bhí an bia cineál difriúil. D’iarr mise *mariscos* sa bhialann agus fuair mé pláta lán d’ochtapais bheaga bhídeacha. Thosaigh Áine ag caoineadh nuair a chonaic sí iad.

‘Na créatúir!’ ar sise. ‘Níl iontu ach leanaí! Mo náire thú! Tá tú déistineach!’

Ní raibh *mé* ábalta mo chuid *mariscos* a ithe ansin agus bhí ocras orm an chuid eile den oíche.

Ag dul abhaile

Ar an lá deireanach d’fhágamar an t-árasán ar a trí a chlog ar maidin. Bhíomar fós san aerfort ar a trí a chlog an tráthnóna sin! Bhí an aimsir ródhona. Bhí tintreach agus toirneach ann agus ní raibh an píolóta sásta an t-eitleán a eitilt. Ach thosaigh an aimsir ag feabhsú (*improving*) agus d’fhág an t-eitleán an talamh ar a ceathair a chlog.

Sa deireadh shroicheamar an baile ar a leathuair tar éis a seacht san oíche. Bhí gach duine scriosta. Chuir mé an teilifís ar siúl. Bhí *Eastenders* ag tosú – as Béarla an babhta seo (*this time*)!


Ceisteanna: Ag pacáil/Ag taisteal

1. Cad a thaispeánann gur duine neirbhíseach é Daid?
2. Cén rud searbhasach (*sarcastic*) a dúirt Mam?
3. Bhí siad réidh le haghaidh gach sórt aimsire. Conas?
4. Cad a rinne Daid leis an mbagáiste?
5. Cá raibh an t-eolas faoi na heitiltí le feiceáil?
6. Cén fhadhb a bhí ann maidir le heitilt E459?
7. Cá bhfios dúinn go raibh fearg ar Mham?
8. Bhí Daid ciúin ar an mbealach abhaile. Cén fáth, meas tú?

Ceisteanna: An áit/Ag dul abhaile

1. An raibh an t-árasán oiriúnach (*suitable*) don teaghlach? Conas?
2. Cad a thaispeánann go raibh Jeaic beag?
3. Conas a fuair Daid *fineáil*?
4. Cén fáth nach raibh Leonardo ródheas?
5. Cén fáth nach raibh Pól ábalta na *mariscos* a ithe?
6. Cad a chuir moill (*delay*) ar an eitilt?
7. Cén fáth ar fhág siad an talamh ar a ceathair a chlog?
8. Cad a bhí difriúil faoin teilifís sa bhaile?

Labhair Gaeilge! Obair bheirte

 Bí ag obair leis an duine atá in aice leat. Cumaigí ceisteanna bunúsacha tuisceana faoin alt ar leathanach 00 (Saoire Chraiceáilte!) agus cuirigí ar a chéile iad. Scríobhaigí sna cóipleabhair iad ar dtús. Mar shampla:

- Cé a bhí neirbhíseach?
- An raibh tuáillí ag Mam?
- Cé mhéad buidéal d'uachtar gréine a bhí ag Mam? srl.

Ceann don Phunann: Scéal

 Scríobh scéal (píosa cruthaitheach) a mbeadh an líne thíos oiriúnach mar thús leis:

 'Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an tsaoire sin...'

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.




Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas scéal/cuntas a scríobh' ar leathanach 00.

Ceann don Phunann: Cuntas agus agallamh

-  (i) Chuaigh tusa go dtí árasán thar lear seo sa samhradh. Bhí saoire iontach agat. Scríobh cuntas ar an tsaoire sin.
- (ii) Chuaigh do chara ar saoire go dtí árasán. Bhí saoire uafásach aige/aici. D'inis sé/sí gach rud duit. Scríobh cuntas ar an tsaoire a bhí aige/aici.
- (iii) Cuir agallamh ar do chara faoin drochshaoire d'iris na scoile.

 Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é! (le cabhair ó chara!)



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas cuntas/agallamh a scríobh' ar leathanaigh 00 agus 00.

Ceann don Phunann: Ríomhphost/litir

 Cheannaigh tú saoire ó bhiúró taistil agus bhain tú an-taitneamh as an tsaoire. Scríobh ríomhphost nó litir chuig an mbiúró taistil chun do bhuíochas a ghabháil leo.

I do litir/ríomhphost, luaigh:

- Cé tú féin (ainm, aois, áit chónaithe)?
- Cén fáth a bhfuil tú ag scríobh na litreach?
- Cúpla rud faoin tsaoire agus chomh maith agus a bhí sí
- Rud **amháin** nár thaitin leat faoin tsaoire
- Cathain a rachaidh tú ar ais go dtí an áit agus cén fáth?

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas ríomhphost/litir a scríobh' ar leathanach 00.



Bí ag léamh! Fógra

Léigh an fógra seo agus freagair na ceisteanna ghabhann leis.

Óstán Chois Fharraige



Na Forbacha, Conamara, Co. na Gaillimhe

Fón: +353 91 592 108

Ríomhphost: info@connemaracoast.ie

Tá Óstán Chois Fharraige suite (*situated*) deich nóiméad ó chathair bhríomhar (*lively*) na Gaillimhe. I measc na n-áiseanna atá ag an óstán tá dhá bhialann ar aghaidh na farraige a chuireann bia idirnáisiúnta agus bia mara (*sea*) ón gceantar ar fáil. Ainmníodh ceann de na bialanna, Bialann Uí Dhálaigh, as sagart áitiúil, an tAthair Peadar Ó Dálaigh a bhunaigh teach anraith (*soup 'kitchen'*) ar láthair an óstain do mhuintir stiúgtha na háite tar éis an Ghorta Mhóir (*Great Famine*).

Tá cúirteanna leadóige ar fáil amuigh faoin aer freisin mar aon le clós súgartha do na 'rudáí beaga' (*'kids'*). Tá giomnásiam den scoth againn freisin agus, de bhreis air seo ar fad, tá siúlóidí breátha timpeall ar an óstán – ar nós 'Slí na Mara' a thabharfadh síos chun na farraige thú.

Tá an t-óstán in áit an-lárnach (*very central*) chun turais a thabhairt timpeall Chonamara agus an cheantair máguaird (*surrounding*). Is féidir turas báid go hÁrainn a dhéanamh freisin.

Má tá uait deireadh seachtaine compordach a bheith agat agus éalú (*to escape*) ón saol, tá Óstán Chois Fharraige thar a bheith feiliúnach (*suitable*). Tá linn snámha téite 18.5 méadar againn taobh istigh chomh maith le tobán cuilithe (*Jacuzzi*), seomra allais (*sauna*), seomra gaile (*steam room*), ionad suathaireachta le seomraí teiripe. Tá gradam Q Mark bainte amach ag ár n-ionad fóillíochta (*leisure centre*) (an chéad ionad fóillíochta sa tír a fuair a leithéid d'aitheantas (*recognition*)).

Óstán Chois Fharraige - suaimhneas cois mara. Bí linn!

Ceisteanna

1. Luaigh pointe **amháin** faoi shuíomh an óstáin seo.
2. Cén bia áitiúil atá ar fáil san óstán?
3. Cad a rinne an tAthair Ó Dálaigh do mhuintir na háite? Cén fáth?

4. Cén buntáiste atá ag an óstán do thuismitheoirí?
5. Luaigh **dhá** rud atá san óstán seo don duine spórtúil aclaí?
6. Luaigh buntáiste **amháin** atá ag an óstán do dhaoine ar maith leo an chathair.
7. Luaigh buntáiste **amháin** atá ag an óstán do dhaoine ar maith leo an tuath.
8. Luaigh **dhá** bhealach chun suaimhneas a fháil san óstán.

Ceann don Phunann: Ríomhphost/litir

 Tá tú ar do chuid laethanta saoire in Óstán Chois Fharráige. Scríobh ríomhphost nó litir chuig do chara sa bhaile.

I do litir luaigh:

- An t-óstán agus an áit a bhfuil sé
- Na háiseanna atá san óstán agus an úsáid a bhaineann tú astu
- An spórt agus an spraoi a bhíonn agat le do theaghlach
- Lá a chaith tú i gcathair na Gaillimhe
- Turas a rinne tú timpeall Chonamara (nó go hÁrainn)


Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas ríomhphost/litir a scríobh' ar leathanach 00.

Ceann don Phunann: Scéal

 Ceap scéal (píosa cruthaitheach) a mbeidh an giota seo oiriúnach mar thús leis:

 'I mo chodladh i mo sheomra óstáin a bhí mé nuair a dhúisigh an torann mé. Bhí duine éigin ag screadaíl in ard a chinn is a ghutha...'

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas scéal/cuntas a scríobh' ar leathanach 00.

Ceann don Phunann: Blag

 Scríobh blag dar teideal 'Óstán Craiceáilte ar Thug Mé Cuairt Air'. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas blag a scríobh' ar leathanach 00.

Tionscnamh/Cur i láthair: 'Taighde ar Óstán'

(i) Roghnaigh óstán (in Éirinn nó thar lear) agus déan taighde ar líne air. Faigh amach leithéidí:

- Cá bhfuil sé?
- Conas is féidir dul ann (bus/traein/eitleán, srl.)?
- Cá fhad a mhaireann an turas?
- Cé mhéad a chosnaíonn an turas?

- Conas a bheidh an aimsir ann an tseachtain seo chugainn? (www.accuweather.com)
- Cad iad na háiseanna atá san óstán?
- Cad atá sna seomraí?
- Cé mhéad bialann atá ann?
- Cad atá ar an mbiachlár?
- Cad atá le feiceáil sa cheantar?
- Cén caitheamh aimsire is féidir a dhéanamh san áit?, srl. (Fút féin atá sé!)

(ii) Déan cur i láthair as an eolas sin. D'fhéadfá leithéid PowerPoint a úsáid.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas cur i láthair a dhéanamh' ar leathanach 00.



Ceann don Phunann: Comhrá



Ba mhaith le do Mham (nó do Dhaid) dul ar saoire in árasán thar lear an samhradh seo. B'fhéarr leatsa dul ag campáil in Éirinn. Scríobh an comhrá a bheadh eadraibh. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas comhrá a scríobh' ar leathanach 00.



Ceann don Phunann: Ríomhphost



Chaith tú deireadh seachtaine in óstán éigin in Éirinn (nó thar lear). Tá tú sa bhaile arís. Scríobh ríomhphost chuig an óstán. I do ríomhphost, luaigh:

- Dhá rud a thaitin leat faoin óstán
- Dhá rud nár thaitin leat faoin óstán
- Rud a tharla san óstán a chuir fearg ort
- Duine a bhí ag obair san óstán a bhí go deas
- Duine a bhí ag obair san óstán a bhí gránna

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas ríomhphost a scríobh' ar leathanach 00.





Tionscnamh/Cur i láthair: 'Laethanta Saoire'

(i) Déan tionscnamh faoin teideal 'Laethanta Saoire'. Úsáid grianghraif, bróisiúir, léarscáileanna, do chuid ealaíne féin – rud ar bith a chuideoidh leat!

Clúdaigh rudaí ar nós:

- An áit is fearr leat le dul ar saoire
- Saoire a bhí agat
- Cá ndeachaigh tú?
- Conas a thaistil tú?
- Conas a bhí an aimsir?
- Conas a bhí na daoine?
- Conas a bhí an bia?
- Conas a bhí na háiseanna san árasán/óstán/ionad campála?, srl.

(ii) Déan cur i láthair as an tionscnamh.
D'fhéadfá leithéid PowerPoint a úsáid.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas cur i láthair a dhéanamh' ar leathanach 00.



Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é!
(le cabhair ó chara!)

An bhliain seo chugainn...



Bí ag léamh! Blag

Léigh an blag seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



Chun na Fraince Linn!

Gach bliain téann mo theaghlach ar saoire go dtí an áit chéanna. Is breá le Mam agus Daid an Fhrainc mar sin gach samhradh téimid ann ar feadh míosa. Téimid ag campáil cois farraige in Les Sables d'Olonne ar chósta na Fraince. Ó, sea, chuamar go dtí an Fhrainc anuraidh, agus rachaimid go dtí an Fhrainc arís an bhliain seo chugainn!

Conas a bheidh sé? Bhuel, i mbliana, beimid ag eitilt. Chuamar ann ar an mbád anuraidh agus bhí sé uafásach! Mar sin, ar an gcéad lá, éireoimid ag uair chraiceáilte, fágfaimid an teach i lár na hoíche, gheobhaimid tacsáí go dtí an t-aerfort, agus hé prestó, beimid i bPáras!

Gheobhaimid traen ansin go dtí Les Sables d'Olonne agus fanfaimid ann go ceann míosa. Beimid ag snámh, ag bádóireacht, ag iascaireacht, agus ar ndóigh, beimid ag ithe! Is breá le mo theaghlach bia na Fraince – cosa froganna, seilidí, tá 'fhios agat féin! (Níl mé ach ag magadh!)

Tabharfaidh mé liom mo chuid ‘stuif’. Spéaclaí gréine (Raybans, ar ndóigh!), culaith shnáma (bhuel, bicíní!), ola ghréine (fachtóir 50 – níl mise ag iarraidh a bheith i mo thráta!) agus mo sheinnteoir mp3 (Is fuath liom popcheol na Fraince!). Tabharfaidh mé liom agus m’fhón cliste freisin. Tá sé ghigibheart de shonraí fánaíochta (*roaming data*) agam, mar sin beidh mé ábalta Spotify agus WhatsApp a úsáid. Aililiú!

Déanfaidh Daid an chócaireacht ar fad. Ólfaidh sé fíon (an iomarca de!), íosfaidh sé cáis, agus beidh sé ag labhairt Fraincise le gach duine (beidh gach duine ag gáire faoi!). Caithfidh Mam a cuid ama ag siopadóireacht agus beidh mise ag grianaíocht ar an trá ó cheann ceann na seachtaine.

An aimsir? Ó, beidh an aimsir ar fheabhas (bíonn sí i gcónaí ar fheabhas). Beidh an ghrian ag scoilteadh na gcloch ó mhaidin go hoíche, agus beidh sé te tirim grianmhar an t-am ar fad.

Anois cén dáta é inniu? An chéad lá d’Eanáir?
Bú húa!



Ceisteanna

1. Cá dtéann an teaghlach gach bliain?
2. Cá ndeachaigh siad anuraidh?
3. Cá rachaidh siad an bhliain seo chugainn?
4. Conas a rachaidh siad go dtí an t-aerfort?
5. Cén fhad a fhanfaidh siad ann?
6. Cad a bheidh ar siúl acu (**dhá** rud)?
7. Luaigh **dhá** rud a thabharfaidh Máire léi.
8. Cén fáth a mbeidh daoine ag gáire faoi Dhaid?
9. Cad a dhéanfaidh Mam?
10. Conas a bheidh an aimsir?



Ceann don Phunann: Blag



Scríobh blag dar teideal ‘Mo Chuid Laethanta Saoire an Bhliain seo Chugainn’. Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.




Féach: Bunchlocha leathanach 00.



Féach: Tascanna Ranga: ‘Conas blag a scríobh’ ar leathanach 00.



Ceann don Phunann: Litir

 Thug tú cuairt ar do chol ceathrair I mBaile Átha Cliath ag an deireadh seachtaine. Scríobh litir chuig do chol ceathrair. I do litir luaigh:

- Go bhfuil tú an-bhuíoch de do chol ceathrair faoi tú a thabhairt timpeall Bhaile Átha Cliath
- **Dhá** rud a thaitin leat faoin Aoine agus cén fáth
- **Dhá** rud a thaitin leat faoin Satharn agus rud **amháin** faoin Domhnach
- **Dhá** rud nár thaitin leat faoin deireadh seachtaine
- Pointe ginearálta faoi Bhaile Átha Cliath

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas litir a scríobh' ar leathanach 00.

Ceann don Phunann: Scéal/blag

 (i) Ceap scéal a mbeidh an giota seo oiriúnach mar thús leis:

'Bhí an turas scoile iontach go dtí gur chaill mé an chuid eile den rang.'

(ii) Scríobh blag dar teideal

'An t-saoire is measa dá raibh agam riamh.'

Cuir na leaganacha críochnaithe i do Phunann.



Féach: Tascanna Ranga: 'Conas scéal/blag a scríobh' ar leathanaigh 00 agus 00.

Ceann don Phunann: Scéal

 Ceap scéal a mbeidh an giota seo oiriúnach mar thús leis:

'I mo luí ar an trá a bhí mé – ag déanamh bolg le gréin. Go tobann, chuala mé ruaille buaille thíos fúm ar imeall na farraige...'

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Ceann don Phunann: Blag/óráid díospóireachta



Scríobh blag nó óráid díospóireachta faoi na teidil/rúin seo:

- Ní fiú do chuid laethanta saoire a chaitheamh in Éirinn
- Laethanta saoire — cur amú airgid agus ama is ea iad!
- Bíodh an diabhal ag an gcampáil! Compord atá uaimse!

Cuir na leaganacha críochnaithe i do Phunann.



Ceann don Phunann: Rólimirt



Bí ag obair leis an duine atá in aice leat. Scríobhaigí script le haghaidh na rólimeartha thíos.

Tá Pól (nó Aoife) ar saoire sa Spáinn. Buailéann siad le duine áitiúil (Paco nó Isabella). Cuireann siad aithne ar a chéile (ainm, aois, áit chónaithe). Pléann siad a dteaghlach, a gcuid caitheamh aimsire, agus na difríochtaí idir Éire agus an Spáinn (an bia, an aimsir, na daoine, srl.)

Cuir an leagan críochnaithe i do Phunann.



Labhair Gaeilge! Obair bheirte: Ról-imirt



Déan cleachtadh ar an rólimirt le do pháirtí ranga. Déanaigí os comhair an ranga é!



Taifead agus cuir i do Phunann taifeadtaí é! (le cabhair ó chara!)





Éistimis!

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceisteanna seo a leanas.



Laethanta saoire: cúrsaí taistil DD 1 Raonta 02–06



Féach: Bunchlocha leathanach 00.

An Chéad Chainteoir

1. Cathain a théann Síle ar saoire? _____
2. Cá dtéann sí de ghnáth? _____
3. Conas a théann sí ann gach bliain? _____

An Dara Cainteoir

1. Cathain a théann Pól ar saoire? _____
2. Cá dtéann sé? _____
3. Conas a théann sé ann de ghnáth? _____

An Tríú Cainteoir

1. Cathain a théann Éamonn ar saoire? _____
2. Cá dtéann sé de ghnáth? _____
3. Conas a théann sé ann? _____

An Ceathrú Cainteoir

1. Cathain a théann Dearbhla ar saoire? _____
2. Cá dtéann sí? _____
3. Conas a théann sí ann? _____

An Cúigiú Cainteoir

1. Cathain a théann Póilín ar saoire? _____
2. Cá dtéann sí? (Cén tír?) _____
3. Cá bhfuil a haintín ina cónaí? _____
4. Conas a théann sí ann? _____

**An aimsir DD 1 Raonta 07–11**

Féach: Tascanna Ranga:
'Conas blag/óráid
díospóireachta a scríobh'
ar leathanach 00.

An Chéad Cainteoir

1. Cad a cheapann Pádraig faoin aimsir in Éirinn? _____
2. Conas a bhí an aimsir ar dtús? _____
3. Conas a bhí an aimsir san ionad campála? _____
4. Conas a bhí Pádraig? Bhí sé... fuar te báite

An Dara Cainteoir

1. Cén chathair ina raibh uncail agus aintín Úna ina gcónaí? _____
2. Cathain a chuaigh siad go dtí an Astráil? _____
3. Cén séasúr a bhí ann san Astráil? _____
4. Conas a bhí an aimsir? _____

An Tríú Cainteoir

1. Cén sórt club atá i gceist anseo? _____
2. Cad a bhí pleanáilte don lá inniu? _____
3. Cad a thit i rith na hoíche? _____

Comhrá a hAon

1. Cá bhfuil Gearóid ar a chuid laethanta saoire? _____
2. Cad atá briste? _____
3. Conas atá an aimsir in Éirinn? _____

Comhrá a Dó

1. Cad atá á dhéanamh ag Liam? _____
2. Cathain a théann Órla ag snámh san fharrage? _____
3. Cathain a théann Órla amach ag siúl? _____
4. Cén sórt duine é Liam, dar le hÓrla? Tá sé... _____

**Saoire cois farrage: campáil/óstáin/árasáin DD 1 Raonta 12–16****Comhrá a hAon**

1. Cá ndeachaigh Pól ar a chuid laethanta saoire?

2. Conas a bhí an aimsir?

3. Conas a chaith Liam a chuid ama?



Féach: Bunchlocha
leathanach 00.



Comhrá a Dó

1. Cá ndeachaigh Caitriona ar a cuid laethanta saoire? _____
2. An maith le Caitriona an champáil? _____
3. Cad a bhí san óstán? _____
4. Conas a bhí an aimsir? Bhí sé... _____
5. Cad a d'imir Caitriona? _____
6. Conas a bhí an bainisteoir? Bhí sé... _____

Comhrá a Trí

1. Ar fhan Eoin in Éirinn dá chuid laethanta saoire? _____
2. Cá raibh Eoin ag fanacht? _____
3. Cad a bhí sa chistin? _____
4. Cén seomra ina raibh aerchóiriú? _____
5. Cén chaoi a raibh an aimsir? _____

Comhrá a Ceathair

1. Cén t-am a d'fhág Rónán an t-óstán in Albufeira? _____
2. Conas a chuaigh sé go dtí an t-aerfort? _____
3. Cén t-am a shroich an t-eitleán Baile Átha Cliath? _____

Comhrá a Cúig

1. Cathain a chuaigh Brian ag campáil? _____
2. Luaigh **dhá** sampla de threalamh campála a thug Brian leis.
(i) _____ (ii) _____
3. Cá bhfuair sé bainne agus im? _____
4. Cén rud nár thug Brian leis? friochtán scian sorn gáis
5. Cár ith Brian a chuid béilí? _____

**An bhliain seo chugainn DD 1 Raonta 17–22****Mír a hAon***Chéad Chainteoir*

1. An bhfanfaidh Séamas in Éirinn an samhradh seo chugainn?

2. Cá rachaidh sé? _____
3. Cén mhí a rachaidh sé ann? _____
4. Cá fhad a bheidh sé ann? _____

An Dara Cainteoir

1. Cathain a rachaidh Síle síos faoin tír? _____
2. Cá bhfuil teach a haintín? _____
3. Conas a rachaidh sí go dtí an stáisiún traenach? _____



Féach: Bunchlocha leathanach 00.

An Tríú Cainteoir

1. An mbeidh Éamonn ag dul ar laethanta saoire sa samhradh? _____
2. Cá bhfuil cónaí ar Éamonn? _____
3. Cén club atá sa bhaile? _____

An Ceathrú Cainteoir

1. Cathain a rachaidh Dónall ag campáil? _____
2. Cá fhad a bheidh sé san ionad campála? (Cé mhéad lá?) _____
3. Cad a thabharfaidh sé leis? _____

Mír a Dó*Comhrá a hAon*

1. Cathain a 'rachaidh' Aoife go Meiriceá? _____
2. Cathain a 'rachaidh' sí go dtí an Fhrainc? _____
3. Cathain a 'rachaidh' sí go dtí an Ghearmáin? _____
4. Cá 'rachaidh' sí ag an sos lárthéarma? _____
5. Cá rachaidh Aoife dáiríre? _____

Comhrá a Dó

1. Cén t-am a fhágfaidh Pádraig an teach? _____
2. Conas a rachaidh sé go Gaillimh? _____
3. Cén t-am a shroichfidh sé Gaillimh? _____
4. Cad a thabharfaidh sé leis? _____



Cúinne na Gramadaí

1. Briathra rialta san aonad seo • Regular verbs in this unit

a Cleachtadh leis na réimnithe Practice with the conjugations

Féach ar na briathra thíos (ón aonad seo). Cuir sa cholún ceart iad i do chóipleabhar.

imigh; fág; sroich; taistil; éirigh; pacáil; caith; bailigh; ceannaigh; tóg; imir; tosaigh

| An chéad réimniú (deirí 'gearra') | An dara réimniú (deirí 'fada') |
|-----------------------------------|--------------------------------|
| fág | imigh |

Nóta: I d'intinn, triail im (deireadh gearr – 1ú réimniú) nó ím (deireadh fada – 2ú réimniú) a chur leo san Aimsir Láithreach. Cé acu a fhuaimníonn ceart?

b Cleachtadh leis na haimsirí (Láithreach agus Caite) Practice with the tenses (present and past)

Úsáid na briathra thuas agus cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

An Aimsir Láithreach:

- | | |
|------------------------------------|-------------------------------|
| 1. I go to Galway (úsáid 'imigh'). | 7. I spend my time swimming. |
| 2. I travel* on the train. | 8. He collects stones. |
| 3. You get up at nine. | 9. She takes a shower. |
| 4. He packs** the cases. | 10. We buy food. |
| 5. She leaves the house. | 11. You (pl.) play* tennis. |
| 6. We reach the hotel. | 12. The girl starts laughing. |

* taistil, imir – Bí cúramach! Féach Tá Gaeilge Agam! 1 lgh. 175–176.

** pacáil – Bí cúramach! Féach Tá Gaeilge Agam! 1 lch. 232.

An Aimsir Chaite:

- | | |
|--------------------------------------|------------------------------|
| 1. I went to Dublin (úsáid 'imigh'). | 7. I spent my time running. |
| 2. I travelled on the bus. | 8. He collected seaweed. |
| 3. You got up at ten. | 9. She took a bath. |
| 4. He packed the bags. | 10. We bought sugar. |
| 5. She left the hotel. | 11. You (pl.) played pool. |
| 6. We reached the house. | 12. The girl started eating. |



Féach:
leathanach 00.

2. Briathra neamhrialta san Aimsir Chaite san aonad seo • Irregular verbs in the past tense in this unit

a Súil siar sciobtha A quick review

Tá 11 bhriathar neamhrialta sa Ghaeilge. Bhí na samplaí seo thíos againn san aonad seo (san Aimsir Chaite).

- | | |
|--|--|
| 1. Chuaigh mé go dtí an trá. (téigh) | 6. Chonaic mé portán san uisce. (feic) |
| 2. Tháinig mé go dtí an chathair. (tar) | 7. D'ith mé béile sa bhialann. (ith) |
| 3. Fuair mé an traein go dtí an t-aerfort. (faigh) | 8. Rinne mé béile sa champa. (déan) |
| 4. Bhí an aimsir go maith. (bí) | 9. Dúirt Mam 'Éirígí!'. (abair) |
| 5. Thug mé slat iascaigh liom. (tabhair) | 10. Rug mé ar iasc. (beir) |
| | 11. Chuala mé faoileáin. (clois) |

b Cleachtaí Exercises

1. Cuir Béarla ar na habairtí (1–11) thuas.

Sampla: #1. I went to the beach.

2. Cuir 'Gach bliain' (every year) roimh na habairtí (1–11) thuas.

Sampla: #1. Gach bliain, **téim** go dtí an trá.

3. Briathra rialta san Aimsir Fháistineach san aonad seo • Regular verbs in the future tense in this unit

a Súil siar sciobtha A quick review

San aonad seo d'úsáid muid na briathra rialta seo san Aimsir Fháistineach.

- | | |
|--|---------------------------------------|
| 1. Imeoidh mé ann ar an traein. (imigh) | 6. Sroichfidh mé an Spáinn. (sroich) |
| 2. Taistealóidh mé in eitleán. (taistil) | 7. Caithfidh mé mo chuid ama. (caith) |
| 3. Éireoidh mé ar a seacht a chlog. (éirigh) | 8. Tógfaidh mé cithfholcadh. (tóg) |
| 4. Pacálfaidh mé na cásanna. (pacáil) | 9. Ceannóidh mé lón. (ceannaigh) |
| 5. Fágfaidh mé an teach. (fág) | 10. Imreoidh mé leadóg bhoird. (imir) |

b Cleachtaí Exercises

1. Cuir Béarla ar na habairtí (1–10) thuas.

Sampla: #1. I will go on the train.

2. Cuir 'Gach bliain' (every year) roimh na habairtí (1–10) thuas.

Sampla: #1. Gach bliain, **imím** ar an traein.

4. Briathra neamhrialta san Aimsir Fháistineach san aonad seo • Irregular verbs in the future tense in this unit

a Briathra neamhrialta san Aimsir Fháistineach Irregular verbs in the future tense

1. Rachaidh mé go dtí an chathair. (téigh)
2. Gheobhaidh mé an traen ag an stáisiún traenach. (faigh)
3. Tabharfaidh mé spéaclaí gréine liom. (tabhair)
4. Beidh mé ag snámh. (bí)
5. Íosfaidh mé béile sa bhialann. (ith)

b Cleachtadh leis na haimsirí eile Practice with the other tenses

1. Cuir ‘Gach bliain’ roimh na habairtí (1–5) thuas.
2. Cuir ‘An bhliain seo caite’ roimh gach ceann de na habairtí (1–5) thuas.

5. Na forainmneacha réamhfhoclacha • The prepositional pronouns

Thug mé culaith shnámha agus tuáille **liom**. I brought a swimsuit and a towel **with me**.

a Súil siar sciobtha A quick review

Ná dearmad an patrún!

| | ó (from) | do (to/for) | ag (at) | le (with/to) | ar (on) |
|----------|-------------|----------------|------------|-----------------|------------|
| + mé = | uaim | dom | agam | liom | orm |
| + tú = | uait | duit | agat | leat | ort |
| + sé = | uaidh | dó | aige | leis | air |
| + sí = | uaithi | di | aici | léi | uirthi |
| + sinn = | uainn | dúinn | againn | linn | orainn |
| + sibh = | uaibh | daoibh | agaibh | libh | oraibh |
| + siad = | uathu* | dóibh | acu* | leo | orthu* |

| | faoi (under/about) | as (out of) | de (from) | chuig (to) | roimh (before) |
|----------|-----------------------|----------------|--------------|---------------|-------------------|
| + mé = | fúm | asam | díom | chugam | romham |
| + tú = | fút | asat | díot | chugat | romhat |
| + sé = | faoi | as | de | chuige | roimhe |
| + sí = | fúithi | aisti | di | chuici | roimpi |
| + sinn = | fúinn | asainn | dínn | chugainn | romhainn |
| + sibh = | fúibh | asaibh | díbh (fada!) | chugaibh | romhaibh |
| + siad = | fúthu* | astu* | díobh | chucu* | rompu* |

* Críochnaíonn a lán forainmneacha réamhfhoclacha ar **u** sa 3ú pearsa iolra.

b Cleachtaí Exercises

Cuir isteach an fhoirm cheart den fhorainm réamhfhoclach sna habairtí seo a leanas.

Sampla: Thóg an múinteoir an liathróid (ó: mé).

Freagra: Thóg an múinteoir an liathróid **uaim**.

(a)

1. Thóg do dheirfiúr do mhilseáin (ó: tú).
2. Tá tart orainn agus tá deoch (ó: sinn).
3. Thug mo Mhamaí euro (do: mé).
4. Má bhíonn sibh go maith, tabharfaidh mé uachtar reoite (do: sibh).
5. Táimid an-sásta mar tá éadaí nua (ag: sinn).
6. An bhfuil aon airgead (ag: tú)?
7. Féach orm nuair atá mé ag caint (le: tú).
8. Rachaidh mise go dtí an siopa in éineacht (le: sibh).
9. Cén fáth a bhfuil hata (ar: tú)?
10. Cén fáth a bhfuil fearg (ar: sibh)?

(b)

1. Bhris mo chathaoir (faoi: mé)!
2. Tá gach duine ag caint (faoi: sibh)!
3. Bhain an madra greim (as: mé).
4. Bainfidh mise geit (as: sibh)!
5. Bain (de: tú) do chóta!
6. Bhaineamar ár gcótaí (de: sinn).
7. Scríobhfaidh mé litir (chuig: tú).
8. Seo (chuig: sinn) Conor McGregor!
9. Tá fáilte (roimh: tú).
10. Beimidne sa bhaile (roimh: sibh)!

Cúinne an Chultúir

An Ghaeilge timpeall ort: Logainmneacha

An bhfuil logainm (*place name*) in aice leat a thosaíonn le Bally? Nó le Dún nó le Cnoc, b'fhéidir? Tá an Ghaeilge gach áit timpeall ort in ainmneacha na mbailte i do cheantar.

Seo roinnt focal a fheicimid arís agus arís eile i logainmneacha Gaeilge:

| | | | |
|--------------------------|------------------------------|-------------------------|------------------------------|
| áth ford | béal mouth (of river) | baile town | cill church/graveyard |
| carraig rock | cluain meadow | dún fort | droichead bridge |
| glenn glen/valley | cnoc hill | lios fairy mound | ráth ringfort |
| trá beach | ros wood/headland | | |



Labhair Gaeilge! Obair bheirte



Bí ag obair leis an duine atá in aice leat. Aimsígí (*find*) na focail thuas sna logainmneacha ar an léarscáil seo. Liostaigh i do Phunann iad.





Obair ar líne

Téigh ar líne agus faigh amach brí iomlán (*complete*) na logainmneacha. Mar shampla, gúgláil ‘Glendalough meaning of’ agus gheobhaidh tú seo:



Taighde/Cur i láthair: ‘Logainmneacha i Mo Cheantar’

Déan taighde ar na logainmneacha i do cheantar.
Ansin déan cur i láthair bunaithe ar an taighde sin.
Úsáid an suíomh iontach Logainm.ie mar chabhair:
www.logainm.ie/ga nó www.logainm.ie/en/



Féach: Tascanna
Ranga: ‘Conas cur i láthair a dhéanamh’ ar leathanach 00.

Lámh chúnta



Rinne mé taighde ar logainmneacha i mo cheantar.

I did research on place names in my area.

Phioc mé na logainmneacha seo a leanas:

I picked the following place names:

An Ghaeilge ar [logainm Béarla] ná _____

The Irish for [English place name] is _____

Ciallaíonn an focal Gaeilge X Y sa Bhéarla.

The Irish word X means Y in English.

Ciallaíonn an [logainm]...

The [place name] means...

Mar shampla:

- An Ghaeilge ar Glendalough ná Gleann Dá Locha.
- Ciallaíonn an focal Gaeilge ‘gleann’ *valley* sa Bhéarla.
- Ciallaíonn Gleann Dá Locha *Valley of the Two Lakes*.

Cúinne na Filíochta

An brón agus an chailliúint: ‘An Mhaighdean Mhara’

Bí ag léamh! Scéal an amhráin

Seo amhrán álainn brónach ó Dhún na nGall faoi mhaighdean mhara (*mermaid*) a thit i ngrá le fear daonna (*human*). D’fhág an mhaighdean mhara an fharraige agus phós (*married*) sí an fear. Bhí beirt pháistí acu – cailín fionn darbh ainm Máire agus buachaill fionn darbh ainm Pádraig. Bhí saol sona sásta acu ach bhí rún mór (*a big secret*) ag a fear céile.

Nuair a chonaic sé an mhaighdean mhara ar dtús, bhuail an fear bob uirthi (*he tricked her*). Ghoid sé a heireaball (*tail*) agus chuir sé i bhfolach é (*hid it*). Nuair a chaill sí a heireaball,* rinne an mhaighdean mhara dearmad ar a saol san fharraige. Thóg sí ainm daonna agus chaith ‘Mary Chinidh’ blianta mar bhean chéile agus mar mháthair.

Ach lá amháin, tháinig na páistí ar eireaball Mhary agus thaispeáin siad di é. Nuair a chonaic Mary a heireaball, tháinig a cuimhne ar ais. Ansin bhí uirthi filleadh (*she had to return*) ar a saol san fharraige.

D’fhág Mary a fear céile agus a cuid páistí (Máire agus Pádraig Bán) agus d’fhill sí (*she returned*) ar an bhfarraige. Chaith sí an chuid eile dá saol go brónach uaigneach ag snámh timpeall Loch Éirne.

* I leagan eile (*other version*) den scéal, coróin (*a crown*) a ghoideann an fear ón mhaighdean mhara. (Insíonn Máire Ní Mhaonaigh an leagan seo nuair a chanann sí an t-amhrán lena grúpa Altan.)

Bí ag scríobh! Scéal an amhráin

Léigh scéal an amhráin thuas agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén sórt amhráin é seo?
2. Cé a thit i ngrá? Cé leis?
3. Cad a rinne an mhaighdean mhara ansin?
4. Inis faoi na páistí a bhí acu agus faoin saol a bhí acu.
5. Cad a ghoid an fear ar an mhaighdean mhara?
6. Cad a tharla nuair a chaill sí a heireaball?
7. Conas a chonaic ‘Mary’ an t-eireaball arís?
8. Cad a tharla ansin?





Bí ag léamh! 'An Mhaighdean Mhara'

Léigh liricí an amhráin anois. Seo leid nó dhó faoi na véarsaí.

- **Véarsa a hAon:** Sa chéad véarsa feicimid an mhaighdean mhara san fharraige. Féachann sí tinn agus brónach. Tá a páistí cailte aici agus tá sí croíbhriste. Tá an aimsir go dona agus tá sí ag snámh gan stad san Éirne.
- **Véarsa a Dó:** Sa dara véarsa tá Máire Bhán, an iníon, ag caint. Tá grá mór ag Máire dá máthair. Tá Máire bródúil aisti freisin. Ach tá sí brónach chomh maith mar braitheann sí uaithi (*she misses*) a 'mháithrín mhilis'.
- **Véarsa a Trí:** Sa tríú véarsa tá an mhaighdean mhara féin ag caint. Tá sí tuirseach ó bheith ag snámh de shíor (*endlessly*) agus tá sí brónach agus uaigneach mar tá a páistí cailte aici. Braitheann sí uaithi Máire agus Pádraig Bán.

An Mhaighdean Mhara

Is cosúil gur mheath tú nó gur thréig tú an greann,
Tá an sneachta go frasach fá bhéal na mbeann,
Do chúl buí daite is do bhéilín sámh,
Siúd chugaibh Mary Chinidh is í i ndiaidh an Éirne
a shnámh.

A mháithrín mhilis, dúirt Máire Bhán,
Fá bhruach an chladaigh is fá bhéal na trá,
Maighdean mhara mo mháithrín ard,
Siúd chugaibh Mary Chinidh is í i ndiaidh an Éirne
a shnámh.

Tá mise tuirseach agus beidh go lá,
Mo Mháire bhrinneall is mo Phádraig Bán,
Ar bharr na dtonna is fá bhéal na trá,
Siúd chugaibh Mary Chinidh is í i ndiaidh an Éirne
a shnámh.

Gluais

is cosúil gur mheath tú it seems you faded away; **thréig tú an greann** you turned your back on fun **go frasach** falling heavily; **fá bhéal na mbeann** at the mouth of the peaks **cúl buí daite** blonde flowing hair; **béilín sámh** gentle mouth **siúd chugaibh** here is; **i ndiaidh** after; **an Éirne a shnámh** having swum the Erne **máithrín mhilis** sweet little mother **fá bhruach an chladaigh** by the edge of the shore; **fá bhéal na trá** by the mouth of the sea **ard** high/noble **brinneall** beautiful; **bán** fair-haired **ar bharr na dtonna** on the top of the waves





Ceann don Phunann: Léirmheas sciobtha



Ticeáil na boscaí cuí thíos. Is féidir níos mó ná bosca amháin a thiceáil más gá.

- | | |
|---|--|
| 1. Ar thaitin an t-amhrán leat? | Thaitin an t-amhrán liom <input type="checkbox"/> |
| | Níor thaitin an t-amhrán liom <input type="checkbox"/> |
| 2. Cén sórt amhráin é? Tá sé... | áthasach <input type="checkbox"/> brónach <input type="checkbox"/> gruama <input type="checkbox"/> craiceáilte <input type="checkbox"/> |
| 3. An maith leat an fonn (<i>tune</i>)? | Ní miste liom é <input type="checkbox"/> Is breá liom é <input type="checkbox"/> Is fuath liom é <input type="checkbox"/> |
| 4. Cén fáth? Mar tá sé... | fíorálainn <input type="checkbox"/> rómhall <input type="checkbox"/> leadránach <input type="checkbox"/> suaimhneach <input type="checkbox"/> |
| 5. Cad é téama an amhráin? | caitheamh aimsire cois farraige <input type="checkbox"/> an chailliúint |
| 6. Cad iad na mothúcháin atá san amhrán? | eagla <input type="checkbox"/> áthas <input type="checkbox"/> brón <input type="checkbox"/> uaigneas <input type="checkbox"/> croíbhreacadh <input type="checkbox"/> |
| 7. An ndearna an t-amhrán imprisean ort? | Rinne <input type="checkbox"/> Ní dhearna <input type="checkbox"/> |
| 8. Ar mhaith leat éisteacht leis arís? | Ba mhaith <input type="checkbox"/> Níor mhaith <input type="checkbox"/> |

Scríobh léirmheas gearr ar an amhrán bunaithe ar do chuid freagraí thuas.

Cuir i do Phunann é sa mhír: Ceachtanna Litríochta ar leathanach 00.



Labhair Gaeilge! Obair bheirte



Bí ag obair leis an duine atá in aice leat. Léigí liricí ‘An Mhaighdean Mhara’ ar leathanach 00 (agus éistigí leo ar líne!). Déanaigí amach cé acu an fíor nó bréagach iad na ráitis thíos. Déanaigí iarracht a rá cén fáth a bhfuil siad fíor nó bréagach.

| | Fíor | Bréagach |
|--|--------------------------|--------------------------|
| Véarsa a hAon | | |
| 1. Féachann an mhaighdean mhara tinn sa chéad véarsa. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| 2. Tá an aimsir go hálainn sa chéad véarsa. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| 3. Tá gruaig bhuí ar an maighdean mhara. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Véarsa a Dó | | |
| 4. Taispeánann Máire Bhán a grá dá máthair sa dara véarsa. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| 5. Níl aon chaint ar an bhfarraige sa dara véarsa. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| 6. Tá Máire Bhán tar éis an Éirne a shnámh. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| Véarsa a Trí | | |
| 7. Tá tuirse agus brón ar an maighdean mhara sa tríú véarsa. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| 8. Tá sí uaigneach mar gur chaill sí a cuid páistí. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| 9. Tá an mhaighdean mhara san fharraige ag snámh gan stad. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

Cíoradh liteartha



Téama Theme

An chailliúint (*loss*) is téama don amhrán. Nuair a chonaic sí a heireaball arís, bhí ar an mhaighdean mhara dul ar ais san fharraige. D'fhág sí an saol a bhí aici ar thalamh tirim agus chaill sí a cuid páistí.

Na mothúcháin The feelings

Brón agus uaigneas na mothúcháin is láidre san amhrán. Nuair a d'fhág sí an fharraige, chaith an mhaighdean mhara blianta mar 'Mary Chinidh' – máthair agus bean chéile. Bhí saol sona aici ach nuair a tháinig na páistí ar a heireaball bhí uirthi dul ar ais go dtí an fharraige. D'fhág sí a cuid páistí ina diaidh agus anois bíonn sí brónach agus uaigneach gach lá gan iad. Tá na páistí brónach agus uaigneach freisin mar chaill siad a máthair. Ach tá bród ar Mháire Bhán freisin gur maighdean mhara uasal is ea a máthair.

Na híomhánna The images

Íomhánna den mhaighdean mhara

- Tá íomhá láidir (*a strong image*) sa chéad véarsa den mhaighdean mhara agus í tinn tuirseach brónach ó d'fhág sí a cuid páistí: 'Is cosúil gur mheath tú nó gur thréig tú an greann.'
- Tá íomhá láidir eile den tuirse atá ar an maighdean mhara bhocht sa tríú véarsa: 'Tá mise tuirseach agus beidh go lá.'
- Tá cur síos (*a description*) ar áilleacht na maighdine mara sa chéad véarsa: 'Do chúl buí daite is do bhéilín sámh.'
- á cur síos ar chineáltacht (*kindness*) agus ar uaisleacht (*nobility*) na maighdine mara sa dara véarsa: 'A mháithrín mhilis ... mo mháithrín ard.'

Íomhánna de na páistí

Tá íomhánna áille de na páistí sa tríú véarsa. Tugann (*calls*) an mhaighdean mhara 'mo Mháire bhruinneall' ar Mháire agus tugann sí 'mo Phádraig Bán' ar a mac. Ciallaíonn 'bán' go raibh gruaig fhionn air ach ciallaíonn 'bán' freisin go raibh grá mór aici dó.

Íomhánna den dúlra (*nature*) agus den aimsir

Tá íomhánna den dúlra agus den aimsir tríd síos an amhrán. Feicimid an sneachta ag titim go trom ar na sléibhte sa chéad véarsa. Tá caint ar an gcladach, ar na tonnta agus an trá sa dara agus sa tríú véarsa. Agus ag deireadh gach véarsa tá caint ar an Éirne – an áit a mbíonn Mary Chinidh ag snámh gan stad agus í brónach uaigneach croíbhriste i ndiaidh a cuid páistí.



Ceann don Phunann: Do bhreith ar an amhrán



Bain úsáid as a bhfuil thuas agus as na gineadóirí abairtí seo chun do bhreith (*verdict*) ar an dán a thabhairt. Cuir i do Phunann é sa mhír: Ceachtanna Litríochta.

Thaitin an t-amhrán liom I enjoyed the song
Níor thaitin an t-amhrán liom I didn't enjoy the song
Is maith liom an t-amhrán seo I like this song
Ní maith liom an t-amhrán seo I don't like this song

go mór
greatly
ar chor ar bith
at all

Thaitin sé liom
I enjoyed it
Is/Ní maith liom an amhrán
I like/dislike the song
Níor thaitin sé liom
I didn't enjoy it
Is breá/Is fuath liom an amhrán
I love/hate the song

mar tá sé
because it's
mar níl sé
because it's not
cé go bhfuil sé
although it's

drámata dramatic
cumhachtach powerful
corraitheach moving
dea-scríofa well-written
ceolmhar tuneful
áiféiseach ridiculous
brónach sad
truamhéalach pathetic
gruama gloomy
maoithneach sentimental
leadránach boring
an-láidir very strong
an-lag very weak
an-éifeachtach very effective
go hálainn lovely
an-bhrónach very sad

Tá an t-amhrán The song is
Tá véarsa a haon (srl.) Verse 1 (etc.) is
Tá an focal X The word X is
Tá an líne '...' The line '...' is
Tá na línte '...' The lines '...' are

Is maith liom
I like
Is breá liom
I love
Ní maith liom
I don't like

na híomhánna (den dúlra/den chlann)
the images (of nature/of the family)
an pictiúr den mhaighdean mhara
the picture of the mermaid
an pictiúr den iníon (den mhac)
the picture of the daughter (of the son)
an t-atmaisféar the atmosphere
an cur síos ar... the description of...
an t-athrá the repetition

san amhrán
in the song
sa líne/sna línte ...
in the line/lines '...'
i véarsa a haon... (srl.)
in verse 1... (etc.)
ag deireadh gach véarsa
at the end of each verse

Is fuath liom
I hate

an fonn the tune **an téama** the theme **na mothúcháin** the feelings
dánta faoi chailliúint poems about loss
dánta/amhráin faoin dúlra poems/songs about nature
dánta/amhráin atá brónach (srl. féach thuas) poems/songs that are sad (etc.)

Nuair a chuala mé/léigh mé an t-amhrán
When I heard/read the song

tháinig

brón sadness
uaigneas loneliness
dúlagar depression

orm
on me

Bhí trua agam I had pity
Bhí fearg orm I was angry

don mhaighdean mhara for the mermaid
don chlann for the children **leis an bhfear céile** with the husband

Mar shampla:



Thaitin an t-amhrán seo go mór liom. Thaitin sé liom cé go bhfuil sé brónach. Is maith liom an t-amhrán mar tá sé cumhachtach. Tá an líne ‘Is cosúil gur mheath tú nó gur thréig tú an greann’ an-bhrónach agus an-éifeachtach. Is maith liom na híomhánna den dúlra sa dán freisin. Mar shampla: ‘Tá an sneachta go frasach fá bhéal na mbeann’ agus ‘ar bharr na dtonna is fá bhéal na trá’. Is breá liom an t-athrá (*repetition*) ag deireadh gach véarsa: ‘Siúd chugaibh Mary Chinidh is í i ndiaidh an Éirne a shnámh.’ Nuair a chuala mé an t-amhrán tháinig brón orm. Bhí trua agam don mhaighdean mhara. Agus bhí fearg orm leis an bhfear!



Níor thaitin an t-amhrán seo liom ar chor ar bith. Ní maith liom an t-amhrán mar tá sé áiféiseach. Ní maith liom na híomhánna ar chor ar bith. Is fuath liom an pictiúr den mhaighdean mhara i véarsa a haon: ‘Is cosúil gur mheath tú nó gur thréig tú an greann.’ Tá an pictiúr sin brónach agus maoithneach. Ní maith liom an t-atmaisféar sa dán ach oiread. Is fuath liom amhráin atá brónach. Nuair a léigh mé an t-amhrán seo tháinig uaigneas agus brón orm!



Obair ar líne

Is é leagan Altan (ón albam *Island Angel*) an leagan is deise de ‘An Mhaighdean Mhara’, dar lena lán daoine. Tá leagan Altan ar fáil ar líne. Tá leaganacha difriúla den amhrán le fáil ar Spotify. Tá leagan Clannad go hálainn agus tá leagan álainn eile ag Órla Fallon. Éist leo ar fad agus déan suas d’intinn féin cé acu is fearr leat.



Mairéad Ní Mhaonaigh ag canadh ‘An Mhaighdean Mhara’.

